




TRINITY COLLEGE DUBLIN
COLÁISTE NA TRÍONÓIDE, BAILE ÁTHA CLIATH

THE
UNIVERSITY
OF DUBLIN

Tuarascáil Bhliantúil 2008-2009



BAILL AN BHOIRD

Seo a leanas Baill Bhord Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i rith na bliana acadúla 2008/09:

Baill de bhrí oifige

Propast, an Dr. John Hegarty (Cathaoirleach)
Leas-Phropast/Príomhoifigeach Acadúil, an tOllamh Patrick Prendergast
Léachtóir Sinsearach, an Dr. Aileen Douglas
Cláraitheoir, an tOllamh Jürgen Barkhoff
Sparánaí, an tOllamh Margaret O'Mahony

Comhaltaí agus Comhollaimh Thofa

An tOllamh Shane Allwright (2008-2012)
An tOllamh John McGilp (2008-2012)
An tOllamh Eunan O'Halpin (2008-2012)
An Dr. Amanda Piesse (2005-2010)
An tOllamh Henry Rice (2007-2010)
An Dr. Sinéad Ryan (2007-2010)
An tOllamh David Singleton (2008-2012)
An tOllamh Jagdish Vij (2006-2010)

Foireann Acadúil Thofa nach Comhaltaí iad

An Dr. Karen Walshe (2008-2012)*
An tUasal William Dowling (2008-2012)
An Dr. Eoin Mac Cárthaigh (2005-2010)
An Dr. Anthony McElligott (2008-2010)
An tOllamh Des O'Neill (2008-2012)

Foireann Thofa Neamhadúil

An tUasal Michael Slevin (2005-2010)**
An Dr. Kieran J McGinley (2005-2008)
Peggy Murphy (2008-2012)

Ionadaithe na Mac Léinn

Uachtarán Aontas na nIarchéimithe, an tUasal Ronan Hodson (2008-2009)
Uachtarán Aontas na Mac Léinn, an tUasal Cathal Reilly (2008-2009)
Oifigeach Oideachais Aontas na Mac Léinn, an tUasal Hugh Sullivan (2008-2009)
Oifigeach Leasa Aontas na Mac Léinn, Orlaith Ní Fhoghlú (2008-2009)

Baill Sheachtracha

An tUasal Brian Sweeney, ainmnithe ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (2005-2010)
Geraldine Clarke, ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta (2005-2010)

I Láthair de bhrí oifige

Rúnaí Gníomhach, Anne FitzGerald***
Cisteoir Gníomhach, an tUasal Ian Mathews***

* *Tháinig Mary Coffey i gcomharba ar an Dr. Karen Walshe ar an 22.04.09*

** *Tháinig an tUasal Peter Connell i gcomharba ar an Uasal Michael Slevin ar an 27.01.09*

*** *Glacadh le Anne FitzGerald agus leis an Uasal Ian Mathews mar Rúnaí agus Cisteoir faoi seach le linn 2008/09.*

Tá leagan inrochtana .pdf den tuarascáil bhliantúil seo ar fáil ag <http://www.tcd.ie/about/annualreport/>

CLÁR NA NÁBHAR

Focal Ón bPropast	4		
1: Forbairtí Acadúla	8		
Rangú Ollscoileanna			
Domhanda Times Higher			
Education-QS	8		
Cáilíocht	8		
Struchtúr na Bliana Acadúla	9		
Comhaontas Nuálaíochta			
Choláiste na Tríonóide/ Choláiste na hOllscoile	10		
2: Cúrsaí Oideachais	11		
Na Mic Léinn	11		
Staitisticí Iontrála/ Taispeántóirí Iontrála	11		
Scoláireachtaí	11		
An Curaclam – Cúrsaí Nua			
Céime agus Iarchéime	12		
Searmanais Tionscnaimh, Céad Onóracha agus Boinn Óir	12		
Cláir Rochtana na Tríonóide	13		
Dámhachtainí Teagaisc an Phropaist	13		
3. Eispéireas na Mac Léinn	14		
Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn ¹⁷			
Gnóthachtáil na Mac Léinn	14		
4. Gníomhaíochtaí Taighde	18		
Téamaí Taighde	18		
Maoiniú Taighde	18		
Tionscnaimh Thaighde Nua			
Choláiste na Tríonóide	18		
Naisc Thaighde le hInstitiúidí Eile	19		
		Scoláireacht agus Rathúlacht Dámhachtainí le haghaidh Thaighdeoirí Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	21
5. Nuálaíocht agus Tráchtálú	28		
Maoiniú Taighde agus Maoin Intleachtúil	28		
Fiontraíocht agus Nuálaíocht	28		
6. Acmhainní Daonna	28		
Earcaíocht	28		
Comhionannas	29		
7. An Clár um Fhorbairt Caipitil	30		
Tionscadail Curtha i gCrích	30		
Tionscadail Tógála	31		
Caomhnú Fuinnimh	32		
8. Tiomsú Airgid	34		
9. Staid Airgeadais	35		
Aguisín I			
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, don bhliain dar chríoch 30 Meán Fómhair 2009	38		
Aguisín II			
An clár comhardaithe, don bhliain dar chríoch 30 Meán Fómhair 2009	39		

FOCAL ÓN BPROPAST

4



Leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo staid an Choláiste agus achoimre ar ár ngnóthachtálacha le linn na bliana acadúla 2007/08, a bhí ina bliain an-rathúil agus an-táirgiúil arís ar mhaithe leis an gColáiste Seo a leanas roinnt gnóthachtálacha:

Taighde & Nuálaíocht

Don chéad uair riamh, fuair Coláiste na Tríonóide níos mó ná €100 milliúin in ioncam taighde i 2008/09, agus ceann dá sprioc institiúideach a bhaint amach leis sin. Bhain baill foirne Choláiste na Tríonóide barr feabhais agus gradaim náisiúnta agus idirnáisiúnta amach. Glacadh le 10 gcuideachta sheachthairbhe atá ag tráchtáil taighde a rinneadh i gColáiste na Tríonóide mar chuideachtaí ar champas i rith na bliana féilire 2009. Comhdaíodh 23 iarratas ar phaitinn agus eisíodh cúig cheadúnas tráchtála.

Mic Léinn

Tá an t-ádh ar Choláiste na Tríonóide go dtagann mic léinn a bhfuil fonn léinn orthu ó Éirinn agus thar lear. Bhain Coláiste na Tríonóide ní ba mhó iarratas príomhrogha amach i gcóras na Lár-Oifige Iontrála (CAO) ná aon institiúid eile seachas ceann amháin i 2008. Tá sé tábhachtach go mbíonn Coláiste na Tríonóide ar oscailt do gach mac léinn cumasach ar mhaithe le todhchaí na hÉireann. Tá deis ag daoine a thagann ó ghrúpaí léinn neamhthraidisiúnta, atá ag céimeanna éagsúla d'aois, agus atá ina gcónaí i limistéir faoi mhíbhuntáiste leas a bhaint as léann i gColáiste na Tríonóide de bharr cláir

cheannródaíochta ar nós Chláir Rochtana na Tríonóide. I mí na Bealtaine 2009, ghlac Comhairle na hOllscoile leis an moladh, mar a bhí leagtha amach sa Phlean Rochtana 2009-2013, go méadófaí líon na n-áiteanna ar chúrsaí céime a bhíonn curtha in áirithe do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht ó 15% go 22% de na hiontrálaithe nua trí chóras na Lár-Oifige Iontrála (CAO) faoi 2013.

Cuireadh seacht gcúrsa iarchéime agus trí chúrsa céime nua ar bun i 2008/09 agus bronnadh 3,986 céim ar mhic léinn. Bhain mic léinn taitneamh as 'Eispéireas na Tríonóide' arís i mbliana a bhaineann le níos mó ná an curaclam amháin agus a chuimsíonn clubanna agus cumainn na mac léinn a ullmhaíonn mic léinn le haghaidh ceannaireachta agus páirtíochta sibhialta sa saol amach rompu.

Foireann

Ní féidir rath ollscoile, nó a spriocanna straitéiseacha, a bhaint amach gan an phríomhacmhainn — an fhoireann. Ní mór do Choláiste na Tríonóide daoine den chéad scoth a earcú, a fhorbairt agus a choinneáil chun stádas an Choláiste a choimeád agus a chur chun cinn. Rinneadh 102 ceapachán agus athcheapachán acadúil agus chuir an Oifig Foirne seirbhís oiliúna agus forbartha ar fáil do gach ball foirne le linn 2008/09.

Forbairt Caipitil

Bhí an Clár um Fhorbairt Caipitil ar champas faoi bhláth arís i mbliana. Bhí tógáil Foirgnimh Eolaíochtaí Bitheacha ar Shráid an Phiarsaigh agus tógáil Mhol an tSeomra Fhada a leanann ar aghaidh i measc phríomhforbairtí na bliana. Cuireadh an tSaotharlann um Thaighde Theicneolaíocht na nDán, Saotharlann Taighde Sir Patrick Dun, Saotharlann na Tríonóide um Sheicheamhú Géanóim agus an tIonad Measúnaithe Sláinte don Staidéar Fadama Éireannach maidir le hAosú i gcrích le linn na bliana acadúla 2008/09.

Staid Airgeadais

Is dúshlán mór é cobhsaíocht airgeadais sna blianta amach romhainn i riocht is nach mór don Choláiste infheistíocht straitéiseach a dhéanamh i gcáilíocht na foirne, na mac léinn agus an infreastruchtúir d’fhonn a spriocanna a bhaint amach.

Mar aon le hollscoileanna eile in Éirinn, tá bunchistiú an Choláiste fós ag dul i léig agus tá sé srianta de bharr easpa bunchistithe agus cistithe ilbhlianta, atá ag teastáil le haghaidh na pleanála straitéisí airgeadais, go háirithe mar gheall ar an timpeallacht eacnamaíoch i láthair na huaire. Cruthaíonn an leibhéal cistithe stáit agus neamhchinnteacht maidir leis, chomh maith le riachtanais a bhaineann le creatlach rialaithe fostaíochta an Údaráis um Ardoideachas, cúinse nach bhfuil ar aon dul le ‘geilleagar cliste’ a chur i ngníomh in Éirinn ar chor ar bith.

Toisc nach bhfuil aon easnamh carntha athfhillteach ann agus go bhfuil an clár comhardaithe amhail ar 30 Meán Fómhair 2009 láidir, tá an Coláiste daingnithe ó thaobh cúrsaí airgeadais. Ach, de bharr staid airgeadais na tíre agus na timpeallachta eacnamaíche ar fud an domhain faoi láthair, beidh ar an gColáiste aghaidh a thabhairt ar thimpeallacht eacnamaíoch ar ar tháinig athrú suntasach i dtréimhse an-gherr, agus ar sheans go mbeidh brúnna suntasacha cistithe agus neamhchinnteacht ann a d’fhéadfadh cur isteach ar chumas an Choláiste a spriocanna a bhaint amach sa todhchaí.

Tá sé an-tábhachtach anois agus géarchéim gheilleagrach náisiúnta gan fasach ann go bhfuil tionchar, a mhéid is féidir, ag smaointe nua, eolas nua, agus céimithe ar ardleibhéal ar phoist inbhuanaithe nua a chruthú agus gnólachtaí agus seirbhísí atá ar an bhfód cheana a athnuachan. Is forbairt thábhachtach i dtaca leis seo í an chomhpháirtíocht straitéiseach i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath chun Comhaontas Nuálaíochta Choláiste na Tríonóide/Choláiste na

hOllscoile a chur ar bun. Is comhpháirtíocht é leis an earnáil oideachais, an Stát, a ghníomhaireachtaí agus leis an earnáil caipitil gnó agus fiontair chun córas idirnáisiúnta le haghaidh nuála den chéad scoth a fhorbairt.

Seasamh Idirnáisiúnta

Rangaíodh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i measc 50 ollscoil is fearr an domhain (49ú) agus i measc na 15 ollscoil Eorpacha is fearr (13ú) i Rangú Ollscoileanna Domhanda de chuid an Times Higher Education-QS. Is é Coláiste na Tríonóide an t-aon ollscoil in Éirinn atá i measc 100 ollscoil is fearr an domhain.

Plean Straitéiseach 2003-2008

Tugadh céad Phlean Straitéiseach an Choláiste 2003-2008 chun críche le linn na bliana acadúla 2008/09. Dhírigh an Plean Straitéiseach ar bharr feabhais i dtaighde agus oideachas iarcéime a dhaingniú agus a mhéadú d’fhonn an clár fochéimí fadabhunaithe agus eispéireas dearfach na mac léinn a chomhlánú.

I measc na rudaí a bhí bainte amach mar chuid den Phlean Straitéiseach, forbraíodh acmhainní taighde agus cumas taighde, mar shampla, i dtaca le Lánpháirtíú Eorpach agus Idirnáisiúnta, Cultúr agus na hEalaíona Cruthaitheacha, Bunábhair agus Córais Chliste, na hEolaíochtaí Bitheacha agus Taighde Aistritheach agus, Iompar, Fuinneamh agus an Comhshaol; cur chuige idirdhisciplíneach agus comhoibriú a chur chun tosaigh; éagsúlú méadaithe i measc na mac léinn; agus ceannairí acadúla den chéad scoth a earcú.

Feabhsaíodh soláthar oideachais iarchéime trí líon na n-iarchéimithe a mhéadú ach ardchaighdeán na gcéimeanna a choinneáil, agus trí chlár chomhtháite PhD a fhorbairt. Treisíodh soláthar oideachais chéime tríd an gcuraclam a leathnú, ag cur le tionscnaimh ardchaighdeán maidir le cleachtadh acadúil agus córais tacaíochta foghlama do mhic léinn, agus ag tabhairt tacaíochta do thionscnaimh

atá ann cheana féin chun rochtain, cuimsitheacht agus ilchineálacht a fheabhsú.

Chomh maith le páirt fhiúntach a ghlacadh sa tsochaí trína bpríomhghníomhaíochtaí san earnáil oideachais agus taighde, glacann baill foirne agus mic léinn Choláiste na Tríonóide páirt in a lán tionscnamh, cosúil le taispeántais, léachtaí poiblí, saineolas acadúil a sholáthar maidir le ceisteanna ríthábhachtacha na tíre, Cláir Rochtanna na Tríonóide, idirchaidreamh ionchathrach, cláir for-rochtana, cumainn na mac léinn, obair saor in aisce, saorálaíochas, srl. Cuireadh béim ar chultúr Éireannach agus ar an nGaeilge nuair a ceapadh an tOifigeach Gaeilge. Rinneadh athstruchtúir suntasach ar na haonaid acadúla agus ar an bpróiseas leithdháilte acmhainní chun ullmhú le haghaidh timpeallachta níos dúshlánaí atá ag athrú go gasta.

Cuireadh roinnt tionscadal caipitil, atá mar bhonn agus thaca ag spriocanna na hOllscoile le haghaidh taighde agus oideachais atá iomaíoch go hidirnáisiúnta, i gcrích faoi réim an Phlean Straitéisigh, ar nós Scoil an Altranais agus an Chnámhseachais ar Shráid D'Olier; Institiúid Lloyd, a bhfuil Institiúid Eolaíocht an Néarchórais, Ríomhaireacht Ardfeidhmíochta, agus an Scoil Ríomheolaíochta agus Staitisticí inti; céad chéim an Phlean Forbartha do Phasáiste Shráid an Phiarsaigh a bhfuil an Lárionad Spóirt agus Institiúid Naughton ann, ina bhfuil an tIonad Taighde ar Nanastruchtúir agus Nanaghléasanna Oiriúnaitheacha agus Gailearaí na hEolaíochta; an tIonad Ardíomháithe Míochaine in Ospidéal Naomh Séamas; an tSaotharlann um Thaighde Theicneolaíocht na nDán ar Champas Teicneolaíochta agus Fiontair na Tríonóide; agus athchóiriú theach an Phropaist chun cóiríocht a chur ar fáil d'Ionad Taighde Ealaíne Éireannaí na Tríonóide. Tá pleananna chun céim 2, a chuimsíonn Ionad na Mac Léinn agus an Institiúid Míochaine Eolaíochtaí Bitheacha, a chur i gcrích faoi lánseol cheana féin, chomh maith le pleananna le haghaidh na saoráide ealaíne d'Institiúid Mhol an tSeomra Fhada um Thaighde sna Dána agus

Daonnachtaí.

Bhí an Plean Straitéiseach an-rathúil ar fad agus dhaingnigh sé gur ollscoil taighdethreoirithe é Coláiste na Tríonóide atá ar thús cadhnaíochta i dtaca le hoideachas agus taighde na tíre agus thar lear.

Cuirfidh an Plean Straitéiseach 2009-14, a bheidh á cheapadh i mbliana tar éis comhairliúchán forleathan, leis na spriocanna a baineadh amach cheana trí chur chuige cothromaithe maidir le hoideachas, taighde agus nuálaíocht a chur ar bun.

Conclúid

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach ball foirne an Choláiste, idir fhoireann acadúil, fhoireann riarthach agus fhoireann tacaíochta, as an gcuid oibre a rinne siad chun na gnóthachtálacha seo a bhaint amach le linn 2008/09 — ní bhainfí na gnóthachtálacha seo amach gan a gcuid tiomantais le linn na bliana.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil chomh maith leis an Taoiseach, leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta, leis an Aire Sláinte agus Leanaí agus leis na hAíreí iomadúla ar mór againn a gcuid tacaíochta, le Bord agus Feidhmeannas Fhondúireacht na Tríonóide, leis an Údarás um Ard-Oideachas, le Fondúireacht Eolaíochta Éireann, leis an mBord Taighde Sláinte, leis an gComhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta, leis an gComhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Theicneolaíocht, agus leis na gníomhaireachtaí agus daoine iomadúla eile, idir phoiblí agus phríobháideach, a thacaigh leis an gColáiste.

John Hegarty, An Propast.

Bealtaine 2010



GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOLÁISTE

1: FORBAIRTÍ ACADÚLA

8

1.1 Rangú Ollscoileanna Domhanda Times Higher Education-QS

Ba é Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath an t-aon ollscoil in Éirinn a bhí i measc na 100 ollscoil ab fhearr nuair a bhain sé an 48ú háit amach i Rangú Ollscoileanna Domhanda Times Higher Education-QS 2008*. Is é seo an chéad uair a bhfuil institiúid tríú leibhéal Éireannach i measc na 50 ollscoil is fearr sa Rangú Domhanda tábhachtach seo. Tá sé sa 13ú háit i measc rangú na hEorpa. Is é seo an rangú is airde a bhain an Coláiste amach riamh, ag bogadh ceithre áit suas ó rangú na bliana seo caite nuair a bhí sé sa 53ú háit. Rangáíodh Ealaíona agus Daonnachtaí na Tríonóide sa 32ú háit den rangú domhanda agus san 8ú háit den rangú Eorpach.

Liostáiltear 200 ollscoil is fearr an domhain i Rangú Ollscoileanna Times Higher Education-QS atá bunaithe ar athbhreithniú piaraí, líon na luanna de réir ball dáimhe, an cóimheas mic léinn le baill foirne agus líon na mac léinn idirnáisiúnta agus na mball foirne idirnáisiúnta.

Cuireann dul chun cinn leanúnach an Choláiste ar an Rangú Ollscoileanna Domhanda in iúl go n-aithníonn acadóirí agus fostóirí ar fud an domhain Coláiste na Tríonóide mar ardollscoil na hÉireann. Is gnóthachtáil den chéad scoth é d'ollscoil i dtír chomh beag le hÉirinn a bheith rangaithe in áit chomh hard sin, in iomaíocht le hollscoileanna idirnáisiúnta a bhfuil acmhainní breise acu agus atá i bhfad níos mó.

** Bhain Coláiste na Tríonóide 43ú háit amach i Rangú Ollscoileanna Domhanda Times Higher Education-QS 2009.*

1.2 Cáilíocht

Aithnítear Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ar fud an domhain mar ollscoil ina bhfuil an

teagasc agus an taighde ar ardchaighdeán. Tá an Coláiste tiomnaithe d'oidreachas ar leith a chur ar fáil, oideachas atá treoraithe ag an taighde, atá cothromaithe agus a dhíríonn ar an mac léinn. Tá an Coláiste tiomnaithe don tsárcháilíocht seo a choinneáil ina chéimeanna agus a iarchéimeanna agus sa taighde. Tá Coláiste na Tríonóide láidir mar gheall ar thiomantas na mball foirne do na mic léinn uile.

Léirítear cáilíocht eisceachtúil fhoireann acadúil an Choláiste nuair a bhronntar comhaltacht. Chun comhaltacht a bhaint amach, ní mór don iarrthóir gnóthachtáil taighde nó scoláireacht den scoth, chomh maith le fianaise go bhfuil cion déanta aige/aici ar son shaol an Choláiste a chur in iúl, arna léiriú go háirithe trí rannpháirtíocht in obair a Roinne nó a D(h)áimhe agus taifead éifeachtach teagaisc.

Fógraíodh 21 comhalta ar Luain na Tríonóide 2009, 3 chomhalta oinigh ina measc: craoltóir, staraí agus eolaí polaitíochta, an Dr. John Bowman; Haemaiteolaí Pédiatraiceach Comhairleach in Ospidéal Naomh Muire um Leanáí Breoite, Baile Átha Cliath agus Ollamh na Haemaiteolaíochta i gColáiste na Tríonóide, an tOllamh Owen Smith; agus Ollamh na Fisice in Université de Perpignan Via Domitia, an Fhrainc, an tOllamh Yuri P. Kalmykov.

Sa bhliain acadúil 2008/09, d'éascaigh an Oifig Cháilíochta athbhreithniú cáilíochta ar Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr (a bhí curtha ar atráth i 2007/08), Scoil an Dlí, Scoil na Staire agus na nDaonnachtaí, Scoil na hEolaíochta Déadaí, Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta agus na Fealsúnachta agus Scoil na Cógaisíochta agus na nEolaíochtaí Cógaisíochta. Bhí na tuarascálacha a d'éirigh as na hathbhreithniúcháin dearfach den chuid is mó agus thug siad aiseolas cuiditheach do na Scoileanna maidir lena dteagasc/bhfoghlaim, a dtaighde agus a ngníomhaíochtaí pleanála straitéisí. Cuireadh an 4ú bliain de dhara sraith na n-athbhreithniúcháin acadúil (2004-2011) i gcrích le linn na bliana acadúla 2008/09.

Le linn 2008/09, lean Coláiste na Tríonóide le plé leis na príomhpháirtithe leasmhara náisiúnta

atá páirteach i ndearbhú cáilíochta/feabhsú cáilíochta, trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí de chuid Líonra Ard-Oideachais na hÉireann, Bord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann agus Cumann Ollscoileanna Éireann.

I rith na bliana acadúla 2008/09, cuireadh páipéar faoi bhráid an Choiste um Léann Iarchéime agus Chomhairle na hOllscoile d'fhonn sainmhíniú a thabhairt ar PhD. Choláiste na Tríonóide. Seo a leanas samplaí de na saincheisteanna faoinar tugadh: riachtanais na mac léinn a bhfuil míchumas orthu; an deighilt idir PhD. agus céimeanna dochtúra eile; páirt a ghlacadh i ngeilleagar na hÉireann a fhorbairt agus na deiseanna agus dúshlán a bhaineann leis; modhanna chun tráchtas a sholáthar agus a mheasúnú; PhD.anna páirtaimseartha agus saincheisteanna a bhaineann le foghlaim ar feadh an tsoil; cláir idir Institiúidí agus roghanna oiliúna i scileanna agus roghanna gairmeacha beatha do dhaoine a bhain PhD amach. Tá forbairt a leanann ar aghaidh ar PhD. Choláiste na Tríonóide bunaithe ar an bpáipéar seo.

Tá Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath; Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad; Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath; agus Institiúid Teicneolaíochta, Tamhlacht páirteach i dtionscadal Chomhaontas Ardoideachais Réigiún Bhaile Átha Cliath (DRHEA), atá maoinithe faoin gCiste Nuálaíochta Straitéiseach (SIF2). Shínigh ionadaithe na hOllscoileanna uile Comhaontú Comhoibrítheach Chomhaontas Ardoideachais Réigiún Bhaile Átha Cliath (DRHEA) in Iúil 2009, comhaontú idir institiúidí a bhaineann le modúil ard-disciplíneacha a fhorbairt agus a sholáthar.

1.3 Struchtúr na Bliana Acadúla

Glacadh le struchtúr nua acadúil bunaithe ar dhá théarma teagasc 12 sheachtaine, agus 3ú téarma tiomanta do mheasúnú agus scrúduithe, a bheadh á chur i bhfeidhm ón mbliain acadúil 2009/10 ar aghaidh. D'fhaomh Bord an Choláiste leasú ar Reachtanna an Choláiste i nDeireadh Fómhair 2008 sular cuireadh struchtúr nua na dtéarmaí i bhfeidhm i Meán Fómhair 2009. Rinne Comhairle na hOllscoile cinntí maidir le teagasc agus scrúduithe le linn na bliana acadúla 2008/09. I measc na gcinntí seo, cinneadh go mbeadh 7ú seachtain gach téarma ina seachtain léitheoireachta, agus go mbeadh sé riachtanach ualach oibre na mac léinn, i bhfoirm chreidiúintí an Chórais Eorpaigh Aistrithe Chreidiúna (ECTS), a dháileadh go cothrom idir Téarma na Féile Michíl agus Téarma na Féile Bríde.

1.4 Comhaontas Nuálaíochta Choláiste na Tríonóide/ Choláiste na hOllscoile

Fógraíodh Comhaontas Nuálaíochta Choláiste na Tríonóide/Choláiste na hOllscoile i mí an Mhárta 2009. Is comhpháirtíocht é an Comhaontas Nuálaíochta atá ag obair leis an earnáil oideachais, an Stát, a ghníomhaireachtaí agus leis an earnáil caipitil gnó agus fiontair chun córas idirnáisiúnta le haghaidh nuála den chéad scoth a fhorbairt a chuirfidh forbairt fiontair chun cinn in Éirinn. D'aithin na hOllscoileanna, nuair a chuir siad an Comhaontas Nuálaíochta ar bun, gur gá dóibh teacht chun cinn agus páirt lárnach a ghlacadh laistigh den chóras seo.



An Taoiseach, Brian Cowen, an Dr Hugh Brady, Uachtarán, COBÁC, an Dr John Hegarty, Propast, Coláiste na Tríonóide agus Mary Coughlan, an Tánáiste ag fógairt Chomhghuaillíocht Choláiste na Tríonóide/COBÁC

Tá dhá chomhpháirt ina gcuid den Chomhaontas Nuálaíochta:

Comhfhiontar Choláiste na Tríonóide/Choláiste na hOllscoile i bhForbairt fiontar Tá sé mar aidhm ag an gcomhfhiontar seo cur le hoibríochtaí aistrithe teicneolaíochta agus saoráidí fiontair na nOllscoileanna atá ann cheana féin. De réir mar a leanann sé ar aghaidh, cuirfear saoráidí nua le haghaidh taighde agus dearadh réamhiomaíoch, fréamhshamhaltú agus nuáil próisis ar fáil chun leas a bhaint as smaointe, eolas agus aireagáin úra agus iad a thráchtáil. Cuirfidh sé béim ar chreatlach thacaíochta níos leithne le haghaidh acmhainní oideachais, dlí, airgeadais, teicneolaíochta, bainistíochta agus margaíochta agus ar an tacaíocht atá ag teastáil chun smaointe úra maithe gnó a chur faoi lánseol.

Is é **An tAcadamh Nuálaíochta** buaicphointe oideachasúil an Chomhaontais Nuálaíochta. Is comhfhiontar comhoibrítheach i léann PhD. é an tAcadamh a chuireann le hacmhainní agus sineirgí a bhí ann cheana idir an dá institiúid agus a aithníonn gur cóir d'ardoideachas nuálaíocht a spreagadh in Éirinn.

Tá sé mar aidhm ag an Acadamh cineál nua céimí chruthaithigh a fhorbairt, atá saineolach ar a dhisciplín, ach ag a bhfuil tuiscint ar an tslí ina n-athraíonn nuáil eolas, smaointe agus aireagáin go táirgí, seirbhísí agus polasaithe ar mhaithe le leas eacnamaíoch agus sóisialta go sciobtha. Oilfear na mic léinn uile chun acmhainneacht nuálaíochta taighde nach bhfuil praiticiúil nó brabúsach go fóill, agus beidh roinnt acu ina bhfiontraithe. Ciallaíonn an focal 'nuálaíocht' go bhfuil leas bainte as smaointe nua i gcóras iomaíoch brabúis; ní dhéantar staidéar ar eolaíocht, innealtóireacht, teicneolaíocht, ná gnó amháin, ach ar chruthaitheacht, ceannasaíocht, nuálaíocht chultúrtha agus polasaí na nEalaíon agus na nDaonnachtaí.

2: CÚRSAÍ OIDEACHAIS

2.1 Na Mic Léinn

Tagann mic léinn Choláiste na Tríonóide ó gach contae in Éirinn agus ó níos mó na 110 tír eile. I measc na mac léinn seo, déantar ionadaíocht do réimse leathan cúlraí sóisialta agus aoisghrúpaí éagsúla.

San iomlán, bhí 16,215 fochéimí agus iarchéimí cláraithe le linn 2008/09. As an líon sin, ba as Éirinn 80%, as tíortha an AE eile 11%, as Tuaisceart Mheiriceá nó Meiriceá Lár 4%, as áiteanna eile an domhain 4% agus ba as tíortha Eorpacha eile nach tíortha an AE iad 1%.

Tá an Coláiste tiomanta do líon na mac léinn neamhthraidisiúnta a fhaigheann áit ar chlár céime a mhéadú, mic léinn faoi mhíbhuntáiste ó thaobh cúlra de agus mic léinn lánfhásta ina measc. Le linn 2008/09, rinne an Coláiste níos mó dul chun cinn ar an sprioc go mbeadh 15% de Chuóta na Lár-Oifige Iontrála curtha in áirithe do mhic léinn neamhthraidisiúnta. Ghlac mic léinn neamhthraidisiúnta le 14.5% d'áiteanna na Lár-Oifige Iontrála i 2008. Bhí 58% de na mic léinn neamhthraidisiúnta a bhí cláraithe i 2008 ina mic léinn lánfhásta.

I mí na Bealtaine 2009, d'fhaomh Comhairle na hOllscoile na moltaí a bhí leagtha amach sa Phlean Rochtana 2009-2013, go méadófaí líon na n-áiteanna ar chúrsaí céime a bhíonn curtha in áirithe do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht ó 15% go 22% de na hiontrálaithe nua trí chóras na Lár-Oifige Iontrála (CAO) faoi 2013.

2.2 Staitisticí Iontrála/ Taispeántóirí Iontrála

Mheall Coláiste na Tríonóide an dara sciar ab airde (11%) de phríomhroghanna i gcóras na Lár-Oifige Iontrála (CAO) sa bhliain 2008. Mheall an Coláiste an líon ab airde de dhaltaí sárchumasacha arís i

mbliana. Rinne 55,589 dalta an Ardeistiméireacht sa bhliain 2008. As na daltaí sin a chuir iarratas isteach trí chóras na Lár-Oifige Iontrála (CAO), bhí 545 pointe nó níos airde bainte amach ag 1,744 acu agus ghlac 29% de na daltaí sin le háit i gColáiste na Tríonóide.

Bronnadh 'Dámhachtainí Taispeántóirí Iontrála' ar 597 mac léinn na chéad bhliana san iomlán. Bhí na mic léinn a fuair na dámhachtainí seo tar éis 545 pointe nó airde a bhaint amach (níos mó ná 6 ghrád A2) san Ardeistiméireacht nó a choibhéis i scrúdú dara leibhéal. Tháinig na mic léinn seo ó 277 scoil as gach ceann de na 32 contae in Éirinn chomh maith le scoileanna eile san AE.

2.3 Scoláireachtaí

Tuigtear le fada an lá gur éacht acadúil thar na bearta iad Scoláireachtaí Fhondúireacht na Tríonóide agus Scoláireachtaí eile. Déanann mic léinn céime, ag deireadh an dara bliain (nó tríú bliain i gcás mic léinn míochaine), scrúdú ar leith. Bronntar scoláireacht le haghaidh tréimhse suas le cúig bliana ar na mic léinn a bhaineann céad onóracha amach. Sa bhliain acadúil 2008/09, bronnadh na scoláireachtaí mórthaibhseacha seo ar 83 mac léinn ar Luan na Tríonóide 2009.



Mic léinn ón Scoil Leighis ag ceiliúradh na Scoláireachtaí bronnadh orthu ar Luan na Tríonóide 2009

Tháinig na scoláirí ó gach dámh:

- Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta (28);
- Dámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta (24);
- Dámh na nEolaíochtaí Sláinte (25);
- agus il-dámh (6).

2.4 An Curaclam – Cúrsaí Nua Céime agus Iarchéime

Chuir an Coláiste na cúrsaí seo a leanas ar bun i 2008/09 d'fhonn freastal ar fhorbairt eolais nua laistigh de dhisciplíní éagsúla, chomh maith le riachtanais athraithe na mac léinn agus deiseanna éiritheacha:

Céim

Céim

BA i bhFealsúnacht, Eolaíocht Pholaitiúil, Eacnamaíocht agus Socheolaíocht
Baitsiléir i Staidéar Gnó agus Teanga (Polainnis)
Baitsiléir i Staidéar Gnó agus Teanga (Spáinnis)

Iarchéim

Céim

MSc i bPolaitíocht Chomparáideach na hEorpa
MSc in Airgeadas
MPhil i Léann Clasaiceach
MPhil i Scannáin, Ceol agus Amharclannaíocht na hÉireann***
MPhil i gCeoleolaíocht agus Teoiric an Cheoil ***
MSc i Síceolaíocht (Anailís Fheidhmeach ar Iompraíocht)
MSc i bhFisiteiripe Riospráide***

*** *Cuireadh tús an chlár seo siar go dtí an bhliain acadúil 2009/10.*

Leanadh leis an rannpháirtíocht i bpróiseas Bologna. I dTearma na Féile Michíl 2008, cuireadh tús le tionscadal ar fud an choláiste chun ráitis fhoirmiúla ar thorthaí léinn a dhréachtú agus a fhoilsiú le

haghaidh gach cúrsa céime agus iarchéime d'fhonn is go mbeadh sé in úsáid ó bhliain acadúil 2010/11 ar aghaidh. D'fhaomh an Chomhairle Acadúil tuarascáil maidir le cláir agus céimeanna comhpháirteacha a chur ar bun in Iúil 2009. Ghlac an Chomhairle le BSc comhpháirteach Ollscoil Átha Cliath agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i gCothú agus Diaitéitic an Duine agus le curaclam athbheithnithe chomh maith.

2.5 Searmanais Tionscnaimh, Céad Onóracha agus Boinn Óir

Bronnadh 3,986 céim (2,572 príomhchéim agus 1,414 iarchéim) ag 29 Searmanas Tionscnaimh ar leith i 2008. Bhain 406 mac léinn onóracha den chéad ghrád amach ag na scrúduithe le haghaidh céime i 2008/09 agus, as na mic léinn sin, bronnadh boinn óir ar 85 acu.

Bhí bronnadh oinigh ann le linn na searmanas tionscnaimh ar 15 Nollaig 2008 agus ar 13 Iúil 2008. Bronnadh céimeanna oinigh ar David Farrington, Dame Ann Dowling, Dame Jocelyn Bell Burnell, Sir David Attenborough and Terry Pratchett ag Searmanas Tionscnaimh an Gheimhridh. I measc na gcéimeanna oinigh ag Searmanas Tionscnaimh an tSamhraidh bhí Janet Browne, Robert Dunbar, Patrick Scott, Amartya Sen and Fraser Stoddart.



An Siorra David Attenborough agus Terry Pratchett, beirt ar bhronn Seansailéir na hOllscoile, Mary Robinson Céimeanna Oinigh orthu sa bhliain 2008

2.6 Cláir Rochtana na Tríonóide

Is réimse tionscnamh iad Cláir Rochtana na Tríonóide (TAP) atá dírithe ar an ráta rannpháirtíochta ag oideachas trú leibhéal a mhéadú i measc daoine fásta óga agus mic léinn lánfhásta ó ghrúpaí socheacnamaíochta faoi ghannionadaíocht. Bunaíodh na cláir mar chuid de straitéis fhoriomlán chun dul i ngleic leis na rátaí ísle de mhic léinn ó ghrúpaí socheacnamaíochta áirithe a théann ar aghaidh chuig oideachas trú leibhéal agus cuireann siad in iúl go bhfuil an Coláiste ag baint amach a mhisean sóisialta.



Mic léinn iar-bhunskoile ag glacadh páirte i Scoil Samhraidh TAP 2009

Bhí rath ar Chláir Rochtana na Tríonóide go dtí seo mar thoradh ar chomhpháirtíochtaí táirgiúla le scoileanna, coláistí breisoideachais, teaghlaigh, mic léinn, foireann Choláiste na Tríonóide, gnóthaí, grúpaí pobail agus institiúidí Ardoideachais eile, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Faigheann Cláir Rochtana na Tríonóide maoiniú ón Údarás um Ardoideachas tríd an gCiste le haghaidh Tionscnaimh Straitéiseacha, ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus ó roinnt deontóirí aonair agus corparáideacha. Tacaíonn na cistí seo leis na tionscnaimh seo a leanas:

- Naisc For-rochtana leis an Scoil agus an Pobal
- Cúrsaí Réamhullmhúcháin Ollscoile: Daoine Fásta Óga agus Mic Léinn Lánfhásta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- Na Cúrsaí Rannpháirtíochta sna Saorealaíona: Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Coláistí Choiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath (CDVEC)
- An Clár um Dhul Chun Cinn Iar-iontrála.
- Taighde agus Measúnú.

D'iontráil 138 mac léinn ar Choláiste na Tríonóide trí Chláir Rochtana na Tríonóide le linn 2008/09.

Ag nascadh le breis is 40 bunscóil agus meánscoil ar beag an traidisiún atá acu dul ar aghaidh chuig oideachas trú leibhéal, thug Cláir Rochtana na Tríonóide, i gcomhar le 30 roinn sa Choláiste, an deis do bhreis is 4,000 mac léin, tuismitheoir agus múinteoir páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ar an gcampas le linn 2008/09, lena n-áirítear Clár Scoláirí Matamaitice agus Eolaíochta le haghaidh dhaltá an 6ú rang agus an Lá Leighis le haghaidh Dhaltá na Sraithe Sóisearaí agus Scoileanna Samhraidh.

2.7 Dámhachtainí Teagaisc an Phropaist



An Dr Gareth Bennett, Scoil na hInnealtóireachta, an tOllamh John W. O' Hagan, Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta & na Fealsúnachta, an Dr Deirdre Connolly, Scoil an Leighis agus an Dr Patrick Geoghegan, Scoil na Staire agus na nDaonnachtaí, faighteoirí Ghradaim Teagaisc an Phropaist 2009

3. EISPÉIREAS NA MAC LÉINN

Is iad Dámhachtainí Teagaisc an Phropaist príomh-mhodh an Choláiste chun aitheantas a thabhairt do bhaill foirne acadúla a rinne cion ar leith ar son barr feabhais a bhaint amach i dteagasc sa Choláiste agus a chuireann an teagasc chun cinn mar ghníomhaíocht scolártha.

Seo a leanas na daoine a fuair dámhachtainí teagaisc ón bPropast sa bhliain 2008/09: an Dr. Deirdre Connolly, léachtóir i dTeiripe Shaothair sa Scoil Míochaine agus an Dr. Patrick Geoghegan, léachtóir i Stair i Scoil na Staire agus na nDaonnachtaí. Bronnadh Dámhachtain Luath-theagaisc ar an Dr. Gareth Bennett, léachtóir in Innealtóireacht Mheicniúil agus Déantúsaíochta sa Scoil Innealtóireachta agus bhain an tOllamh John W. O'Hagan, léachtóir san Eacnamaíocht i Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta agus na Fealsúnachta, Dámhachtain an Phropaist do Ghnóthachtáil Teagaisc Saoil amach. Tugadh aitheantas do na faighteoirí go léir as a ndíograis agus a ndíonbháilteacht ar mhaithe le feabhas teagaisc agus foghlaim.

Tá níos mó i gceist le 'hEispéireas na Tríonóide' ná an curaclam amháin, glacann mic léinn páirt i gclubanna agus cumainn a ullmhaíonn iad le haghaidh ceannaireachta agus páirtíochta sibhialta sa saol amach rompu. Cuireann an tseirbhís teagascóireachta do mhic léinn leis an éiteas pearsanta chomh maith. Cuirtear oideachas ar leith ar fáil i gColáiste na Tríonóide, oideachas atá treoraithe ag an taighde, atá cothromaithe agus a dhíríonn ar an mac léinn

3.1 Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn

Is é tiomantas d'fhorbairt intleachtúil agus phearsanta na mac léinn go léir bunchloch ghníomhaíochtaí an Choláiste. D'fhonn eispéireas na mac léinn a fheabhsú, cuireann Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn réimse leathan de sheirbhísí riaracháin agus tacaíochta ar fáil, Cóiríocht agus Lónadóireacht, Lárionad Sláinte na Mac Léinn, Seirbhísí Comhairleoireachta, an tSéiplíneacht, Seirbhísí Comhairle Gairmeacha, Naíolann an Choláiste, agus an Rannóg Spóirt agus Áineasa san áireamh. Áirithíonn na seirbhísí seo go bhfreastalaítear ar leas na mac léinn, agus a bhforbairt shóisialta, chultúrtha agus mhothúcháin i mbealach cothromaithe agus iomlánaíoch.

I measc na dtionscnamh nua a cuireadh ar an bhfód le linn 2008/09, sheol na Seirbhísí Comhairleoireachta dhá mhórchlár nua: Appetite for Life — Neamhoird Itheacháin a Chosc, agus Calm Self-Help — le haghaidh Dúlagair, Imní agus Easúain de bharr struis; d'óstáil an Rannóg Spóirt agus Áineasa an chéad Lá Spraoi do Theaghlaigh tacaithe ag Ciste Comhionannais an Choláiste.



3.2 Gnóthachtáil na Mac Léinn

Bhain mic léinn agus cumainn na mac léinn rath amach in a lán réimsí le linn na bliana acadúla 2008/09. Bhuaigh an Cumann Fealsúnachta (The Philosophical Society) ‘Duais don Ócáid is Fearr i gColáiste Mór’, agus bhuaigh Mark Atkinson ó Aisteoirí Ollscoil Átha Cliath (DU Players) ‘Duais don Mhac Léinn Céad Bhliana is Fearr i gColáiste Mór’ ag Dámhachtainí Náisiúnta Choláistí na hÉireann. Tugadh aitheantas d’iarracht mhic léinn Choláiste na Tríonóide i roinnt catagóirí eile thar réimse leathan duaiseanna chomh maith. Chuir an Cumann Fealsúnachta (The Phil) agus an Cumann Staire (The Hist) fáilte roimh áionna ar nós John Banville, an tOnórach John Negroponte, Valery Giscard d’Estaing, Tommy Hillfiger, Dolores O’Riordan, Jonathan Rhys Meyers, Salman Rushdie, Patrick Stewart, an Taoiseach Bertie Ahern agus an tArdeaspag Desmond Tutu.



Ba iad John Gallagher agus Andrea Mulligan ón gCumann Staire an fhoireann a bhuaigh Comórtas Díospóireachta an Irish Times i mí Feabhra 2009. Ghlac breis is 300 mac léinn ó choláistí ar fud oileán iomlán na hÉireann páirt sa chomórtas, atá ar an gcomórtas díospóireachta is mó agus is mó le rá in Éirinn.

Bhuaigh Club Bád Ban Ollscoil Átha Cliath rás 8 mbád na mban sinsearach ag 111ú Geallta Bád Choláiste na Tríonóide in Aibreán 2009. Cuireann Coláiste na Tríonóide agus Club Bád Ollscoil Átha Cliath na Geallta Bád Bliantúla ar siúl, a bhíonn ar cheann de na buaicphointí is mó ar fhéilire spóirt an Choláiste. Glacann foirne rámháochta idir-ollscoile agus clubanna eile de chuid Chumann Rámháochta Amaitéaraí na hÉireann (IARU) páirt.

Bhí céad Lá Spóirt na Knights agus Heraeans, a ceapadh chun mic léinn a spreagadh triail a bhaint as spóirt nua, ar siúl le linn Sheachtain na Tríonóide. Ghlac 20 club spóirt páirt san ócáid chun páirtíocht na mac léinn i spóirt a mhealladh agus chun clú Choláiste na Tríonóide mar ollscoil ina n-imrítear a lán spóirt a chothú.



Reáchtáladh céad Fhéile Shakespeare Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i Meitheamh 2009, a bhí curtha ar siúl ag Aisteoirí Ollscoil Átha Cliath (DU Players). Tháinig aisteoirí gairmiúla ó Chompántas Shakespeare na Breataine agus



aisteoirí amaitéaracha ó Chompántas Shakespeare Bhaile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide, Coláiste na hOllscoile agus OÉ Maigh Nuad, le chéile chun drámaí, a bhí scríofa ag William Shakespeare nó ar ar tháinig sé i gcion, a chur i láthair. Bhí cuid mhaith de na drámaí seo ar siúl faoin aer in áiteanna a roghnaíodh go speisialta ar fud an champais.

Roghnaíodh triúr mac léinn Choláiste na Tríonóide, Hugh Hackett, Séamus McManus agus Ciarán Gallagher, le haghaidh Chlár Washington-Éireann, a thabharfaidh deis dóibh dul i ngleic le rialtas an Uachtaráin Barack Obama. Ceapadh an clár seo chun léargas saibhir a thabhairt do mhic léinn ar chultúr gairmiúil agus sóisialta Mheiriceá trí intéirneacht 2 mhí agus dianchúrsa oiliúna i gceannaireacht agus seirbhís.



Bronnadh an chéad duais an Choirn Samhlaithe Microsoft in Éirinn ar mhic léinn an tríú bliain ó Scoil na Ríomheolaíochta agus na Staitisticí, Aidan Lynch, Eoin O'Brien, Ross McMahon agus Maria Francesca O'Connor, i mí na Bealtaine 2009. Bhí na mic léinn de chuid Choláiste na Tríonóide i measc 12 fhoireann eile a bhain áit amach i gcéim dheiridh an chomórtais, as 550 iontráil san iomlán ó institiúidí tríú leibhéal ar fud na hÉireann. Spreagann an Corn Samhlaithe daoine óga a gcuid samhlaíochta, paisin agus cruthaitheachta a chur i ngníomh ar nuálaíochtaí teicneolaíochta a d'fhéadfadh athrú maith a dhéanamh ar mhaithe leis an domhan inniu. Bhuaigh Anne Byrne agus Nathalie Ennis, atá ina mic léinn ag déanamh Léann Gnó, Eacnamaíochta agus Sóisialta, duais 'Réiteach is Fearr Cumasaithe do Theicneolaíocht' mar chuid de Dhámhachtainí Accenture Cheannairí na Todhchaí a reáchtáladh i mí an Mhárta 2009.

Bhuaigh Conor Gaffney, mac léinn iarchéime sa Ríomheolaíocht, Bonn Mic Léinn Chumann Bogearraí na hÉireann i mí na Samhna 2008. Bronntar an bonn seo ar an duine a dhéanann an taighde is inmharthana ó thaobh tráchtála de.



4. GNÍOMHAÍOCHTAÍ TAIGHDE

18

4.1 Téamaí Taighde

Cuimsíonn straitéis taighde na Tríonóide gach mórdhisciplín agus tá sé tiomanta do ghníomhaíochtaí taighde den scoth i bpríomhréimsí ar fud na n-eolaíochtaí, na hinnealtóireachta, an leighis agus na n-ealaíon. Dírionn fócas straitéiseach an Choláiste ar chúig phríomhréimse – Comhtháthú Eorpach & Idirnáisiúnta, Ealaíona Cultúir & Cruthaitheacha, Ábhair & Córais Chliste, Eolaíochtaí Bitheacha & Taighde & Iompar Aistritheach, Fuinneamh & an Comhshaol. I ngach ceann de na réimsí seo tá gníomhaíochtaí suntasacha taighde ag an Tríonóid, nasctha go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus iad tógtha ar bunchloch an idirdhisciplíneachais chun taighde a bhfuil suntas domhanda ag baint leis a sholáthar.

Bíonn idirchaidreamh ann le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, ar an iliomad leibhéal éagsúil: tá comhpháirtíochtaí suntasacha taighde ag an gColáiste le tionscail ilnáisiúnta agus dhúchasacha araon; tá clár ar leith ‘taighdeoirí cónaitheacha’ i bhfeidhm aige chun go mbeadh páirtithe ag croílár na dtionscadal taighde comhoibritheach; leis an nGailearaí Eolaíochta, tugtar léargas don Tríonóid ar shaol an taighde sa chiall is leithne, ag cothú fiosracha, ag spreagadh díospóireachta agus ag mealladh intinní taighdeoirí na todhchaí; trína pholasaí Cruthaitheachta sa Phobal – ag na leibhéil áitiúla, náisiúnta agus dhomhanda – tá an Tríonóide tiomanta de taighde ardchaighdeáin a sholáthar chun sochair na sochaí.

4.2 Maoiniú Taighde

Sa bhliain 2008/09, bhí an-rath ar an Tríonóid maoiniú a fháil dá ghníomhaíochtaí taighde. Shroich ioncam chun tacú le gach gníomhaíocht taighde €89.7 milliún don bhliain, sin méadú de 26% ar an mbliain 2007/08 mar a raibh an figiúr sin ag €71.1 milliún. Tá an ranníocaíocht i leith costais indíreacha ón taighde fós faoi bhun an chostais iomláin eacnamaíochta atá ar an taighde a óstáil agus mar

thoradh air seo bíonn gá an croíbhuiséad a úsáid chun fóirdheonú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht taighde. Níl seo inbhuanaithe.

Le roinnt blianta anuas, bhog na foinsí don mhaoiniú taighde ó fhoinsí AE/eachtracha go foinsí a thagann d’fhormhór trí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus tionscnaimh PRTLÍ arna maoiniú ag an ÚAO. Bhí 1,755 cuntas gníomhach taighde ann agus thacaigh an ghníomhaíocht taighde sin le 1,804 duine, lena n-áirítear 663 mac léinn iarchéime, sa bhliain 2008/09.

Foinse an Mhaoiniúcháin (Ioncam) do Ghníomhaíocht Taighde	An bhliain dar chríoch 30 MF 2009
Fondúireacht Eolaíochta Éireann	42%
Fiontraíocht Éireann/Bioresearch Ireland/PATS	4%
An tÚdarás um Ard-Oideachas	5%
Coimisiún na gComhphobal Eorpach	9%
Eile	40%

4.3 Tionscnaimh Thaighde Nua Choláiste na Tríonóide

Tá an Tríonóid ar thús cadhnaíochta i roinnt mórstaidéar fadama, lena n-áirítear taighde faoi leanáí, aosú agus gníomhaíochtaí sa nanai-eolaíocht agus taighde cumarsáide a dhéanann ionaid feabhais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar an gcampas. An aidhm atá leis hlonad Leighis Acadúil na Tríonóide, atá ag an gcéim phleanála faoi láthair, ná an cleachtas is fearr i gcúram othar a chomhshnaidhmeadh le taighde agus teagasc úrscothach in aon samhail rialachais amháin bunaithe ar na hionaid chúraim sláinte is fearr ar domhan. Ar an gcaoi chéanna, tá bonn láidir faoi mhór-institiúidí agus mór-ionaid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i réimsí cosúil le néareolaíocht, domhandú, imdhíoneolaíocht,

leigheas móilíneach agus Mol Sheomra Fada na Tríonóide do na healaíona agus daonnachtaí. Tá páirt ghníomhach ag an Tríonóid i bhfiontair chomhoibrítheacha shuntasacha náisiúnta cosúil leis an Ionad Náisiúnta um Thaighde Digiteach (NDRC), Míochaine Mhóilíneach Éireann (MMI) agus an Institiúid Náisiúnta do Thaighde agus Oiliúint Bithphróiseála (NIBRT).

Chomh maith le tionscnaimh taighde idirdhisciplíneach Choláiste na Tríonóide sna réimse sin, seo a leanas roinnt de na tionscadail nua a seoladh le linn 2008/09:

Tionscnamh Forbartha Idirnáisiúnta na Tríonóide

Seoladh Tionscnamh Forbartha Idirnáisiúnta na Tríonóide (TIDI), i mí Feabhra 2009 – tionscnamh ag cur chun cinn taighde agus teagaisc i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Mar chuid den tionscnamh, seoladh Clár Oiliúna Dhochtúireacht d’Fhorbairt san Afraic. An príomhthionscadal sa Chlár seo ná Scoil Dhochtúireachta Idirnáisiúnta sa tSláinte Dhomhanda (Indigo). Níl an fhorbraíocht idirnáisiúnta ina disciplín ar leithligh ach is disciplín í atá ábhartha i roinnt mhaith scoileanna ar fud na ndámh san ollscoil. Mar sin is tionscnamh uile-Choláiste é TIDI chun comhordú agus comhthiomsú a dhéanamh ar acmhainní agus is gá gur iomchuí é fónamh a bhaint as sinéirgí.

Saoráid Cítiméadrachta Sreibhe

I mí Eanáir 2009 seoladh Saoráid úrscothach Cítiméadrachta Sreibhe ar chostas €850,000 state-a chuideoidh le taighde sna réimsí seo a leanas – ailse, galar athlasta putóg agus plúchadh, ag an institiúid on Mhíochaine Mhóilíneach (IMM) in Ospidéal San Séamas. Cuideoidh an tsaoráid seo arna mhaoiniú ag FEÉ anailís bheacht agus leithleasú a dhéanamh ar shamplaí cille ionas gur féidir forbairt a dhéanamh ar chóireálacha agus ar leighis do raon riochtaí. Ní hé amháin go mbainfidh cliniceoirí in Ospidéal

San Séamas úsáid as na hionstraimí nua ag an tsaoráid seo, ach beidh siad ar fáil freisin do lucht acadúil seachtrach, d’eolaithe ó thionscail agus do thaighdeoirí eile atá i mbun anailís a dhéanamh ar phróisis ghalair.

4.4 Naisc Thaighde le hInstitiúidí Eile

I measc na nasc taighde le hinstitiúidí eile a bunaíodh le linn na bliana acadúla 2008/2009 bhí siad seo a leanas:

INSPIRE –Cuibhreannas Náisiúnta Naineolaíochta

I mí Dheireadh Fómhair 2008 sheol an tAire Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta, An Dr. Jimmy Devins, cuibhreannas náisiúnta naineolaíochta dar costas €31.6 milliún – INSPIRE (Integrated NanoScience Platform for Ireland) – ar a bhfuil deich gcinn d’institiúidí tríú leibhéal. Reáchtáil comhpháirtí sa chuibhreannas an ócáid, Ionad Choláiste na Tríonóide do Nanaistruchtúir agus Nanaighléasanna Aistritheacha (CRANN). Bhí seo ar an leithdháileadh is mó maoiniúcháin a bronnadh ar chuibhreannas faoi PRTL 4 de chuid an ÚAO.

Fógraíonn Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus GlaxoSmithKline An Chéad Chreat Straitéiseach Comhoibriúcháin Eorpach

Chuir Propast na Tríonóide an Dr John Hegarty agus Eddie Gray, Uachtarán GSK Pharmaceuticals Europe i bhfeidhm creat comhoibrítheach nuálaíoch idir an Tríonóid agus cuideachta chógaisíochta GlaxoSmithKline (GSK), ag searmanas i mí na Nollag 2008 i gColáiste na Tríonóide i láthair an Tánaiste agus an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíocht, Mary Coughlan.

Ag cur leis an gcomhpháirtíocht taighde idir Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus GSK a dhíríonn ar Ghalar Alzheimer agus néarmheathlúchán agus

arna thacú ag IDA Éireann, tacóidh an comhaontú nua le comhthionscadail taighde agus le comhroinnt saineolais i réimsí nua. Seo an chéad uair don dá eagraíocht a leithéid de thaighde a chur ar bun, agus an chéad cheann dá leithéid i gcomhthéacs Eorpach freisin, agus cuireann an comhaontú seo creat ar fáil don rannpháirtíocht idir na comhpháirtithe ionas gur féidir leo iniúchadh a dhéanamh ar an bpoitéinseal taighde, na sinéirgí agus na straitéisí comhpháirtíochta idir na heagraíochtaí agus cuideoidh leis na heagraíochtaí fónamh a bhaint as na láidreachtaí ag na heagraíochtaí eile chun úsáid a bhaint as saineolas chun comhaontuithe nua a bhunú amach anseo.

\$900,000 bronnta ar Phríomhollscoileanna Éireannacha agus ar Eagraíochtaí Neamhbhrabúis chun dul i ngleic le Dúshláin a bhaineann le Forbairt Inbhuanaithe Dhomhanda

Bhronn Fondúireacht MacArthur, ceann de na fondúireachtaí neamhspleácha is mó sna Stáit Aontaithe, \$900,000 (€640,000) ar Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, i gcomhar le hOllscoil Ruanda, Trócaire, Ethical Globalisation Initiative, agus Ionad Forbraíochta Chamaí, chun Mol Eorpach a bhunú do sholáthar an Oideachais agus na hOiliúna faoi Chleachtas Forbraíochta.

Tá an dámhachtain seo ina chuid de thionscnamh domhanda \$8 milliún atá ar bun ag Fondúireacht MacArthur chun dul i ngleic le dúshláin na forbartha inbhuanaithe domhanda. Roghnaíodh comh-iontráil na hÉireann ó 70 togra ar fud an domhain. Fógraíodh an dámhachtain i mí Iúil 2009, agus baintear úsáid as chun Comh-Chéim Mháistreachta idir Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath a chruthú sa Chleachtas Forbraíochta mar a ndéanfar oiliúint ar an gcéad ghlúin eile de shaineolaithe agus mar a gcuirfear eolas agus scileanna ar fáil dóibh chun dul i ngleic le bochtaineacht agus le hinbhuanaithe chomhshaoil.

Síníonn Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath Comhaontú le Silicon Valley Irish Technology Leadership Group

I mí an Mheithimh 2009 shínigh an Chomhghuaillíocht Nuálaíochta idir Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath comhaontú comhoibritheach le Silicon Valley-based Irish Technology Leadership Group (ITLG) chun an nuálaíocht a thiomáint agus chun gnó nua a chruthú ar oileán na hÉireann.

Sa chomhpháirtíocht ar leithligh seo idir Éirinn agus na SA beidh ITLG ag obair le hollscoileanna Éireannacha chun spriocanna Comhghuaillíochta Nuálaíochta a chur chun cinn. Cuirfidh ITLG saineolas ar fáil chun feabhas a chur ar oiliúint mac léinn atá páirteach in Acadamh Nuálaíochta Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath/Choláiste Ollscoil Bhaile Átha Cliath agus cuideoidh le méadú líon na gcuideachtaí nua ardchaighdeáin a eascróidh ón gComhghuaillíocht. De bhreis air sin, cuideoidh Irish Technology Capital (ITC), eagraíocht ghaolmhar le ITLG, maoiniú caipitil fiontraíochta a fháil in Éirinn.

Seoltar Cuibhreannas sa tSláinte Dhomhanda Tríonóid-Threoraithe

Thosaigh EquitAble, cuibhreannas Tríonóid-threoraithe sa tsláinte domhanda, arna mhaoiniú ag deontas de €2.7milliún ó Chlár Creatlaí Taighde 7 de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, clár ceithre bliana idirdhisciplín taighde faoi 'Chumasú na rochtana domhanda cothroime ar chúram sláinte do dhaoine leochaileacha i suíomhanna tearc-acmhainne san Afraic'. I mí Aibreáin 2009 sheol an tAire Sláinte in Khartoum an cuibhreannas seo arna threorú ag Comh-ollamh le Síceolaíocht, Mac MacLachlan agus arna bhainistiú ag an Dr Hasheem Mannan ón Ionad do Shláinte Dhomhanda agus Scoil

na Síceolaíochta chomh maith le comh-thaighdeoir Eilish Mc Auliffe ón Ionad do Shláinte Dhomhanda freisin agus ón Scoil Leighis.

Comhpháirtíocht Taighde Bunaithe ag Scoileanna Oideachais Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Ollscoil Missouri

Bhunaigh Scoileanna Oideachais na Tríonóide agus Ollscoil Missouri (OM) comhpháirtíocht taighde nua, chun cuidiú leis an dá institiúid tógáil ar a láidreachtaí comhoibritheacha agus taighde; tabharfaidh an caidreamh seo an deis freisin do mhic léinn Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus OM araon staidéar thar sáile agus roinnt de chomhspéiseanna a gcontrapháirtithe idirnáisiúnta a fheiceáil. Tá na Scoileanna Oideachais sa dá institiúid i mbun raon leathan réimsí staidéir oideachais agus tá comhspéiseanna acu i réimsí cosúil le matamaitic agus oideachas eolaíochta, measúnú, oideachas faoi chuimsiú, ceannaireacht agus bainistíocht, agus faisnéis agus teicneolaíocht.

4.5 Scoláireacht agus Rathúlacht Dámhachtainí le haghaidh Thaighdeoirí Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Lean baill foirne na Tríonóide orthu ag baint amach barr feabhais ina ngnóhachtálacha taighde agus bhain amach gradaim náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ar na gradaim a bronnadh ar thaighdeoirí na Tríonóide tá siad seo a leanas:



Baill nua ARÉ an tOllamh Daniel Bradley, an tOllamh Tony Kavanagh, an tOllamh Damien McManus, an tOllamh Marina Lynch, an tOllamh David Taylor agus an tOllamh Kevin O'Rourke le hUachtarán ARÉ an tOllamh Nicholas Canny (tríú duine ó chlé)

Chláraigh Acadamh Ríoga na hÉireann seisear ball d'acadóirí Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ina gcomhaltaí nua le linn 2009, agus seo an ionadaíocht is airde d'acadóirí ó aon ollscoil amháin. Seo a leanas na comhaltaí nua: An tOll. Daniel Bradley, Ollamh le Géineolaíocht Daonra ag Institiúid Géineolaíochta Smurfit Choláiste na Tríonóide; an tOll Tony Kavanagh, Ollamh le Géineolaíocht Mhóilíneach ag Institiúid Géineolaíochta Smurfit Choláiste na Tríonóide; an tOllamh Marina Lynch, Ollamh le Néareolaíocht agus Stiúrthóir Institiúid Néareolaíochta Choláiste na Tríonóide; An tOll. Damien McManus, Cathaoirleach na Gaeilge Luaithe i Scoile na dTeangacha, na Litríochtaí agus na Staidéar Cultúrtha; an tOll. Kevin O'Rourke, Ollamh le hEacnamaíocht i Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta agus na Fealsúnachta; agus an tOll. David Taylor, Ollamh le hInnealtóireacht Ábhair i Scoil na hInnealtóireachta.

Daingníodh €4.5m de mhaoiniú trí chúig cinn de thionscadail taighde Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath faoi Clár Príomhimschrúdaitheoirí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann i mí Iúil 2009. Bhí na tionscadail taighde rathúla seo faoi stiúir na ndaoine seo a leanas: an tOll. Seamus Martin ag Scoil na Géineolaíochta agus na

Micribhitheolaíochta; an tOll. Vincent Wade agus an Dr Owen Conlan i Scoil na Ríomheolaíochta agus na Staitisticí; an tOllamh le Leictreonaic agus Innealtóireacht Leictreach, Anil Kokaram i Scoil na hInnealtóireachta; an Dr Wolfgang Schmitt i Scoil na Ceimice; agus an tOllamh Jay Hinton, Ollamh Stokes le Pataigineas Miocróbach i Scoil na Géineolaíochta agus na Micribhitheolaíochta

I mí Aibreáin 2009 bhronn an American Academy of Neurology an gradam ardchéimíúil Sheila Essey ar an Ollamh Orla Hardiman, Eolaí-Chliniceoir HRB, Lia Comhairleach Néareolaíochta in Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath agus Ollamh Cliniciúil le Néareolaíocht sa Tríonóide, mar aitheantas ar an taighde a rinne sí ar Ghalar Néaróin Luadraigh. Rinne an tOllamh Hardiman agus a foireann fionnachtana suntasacha ar ghéin is cúis le meathlúchán néarógach agus ar an gcaoi sin d'éascaigh forbairt cóireálacha nua don ghalair.

I mí an Mheithimh 2009 bhronn Fondúireacht A.P. Sloan \$620,000 ar an Ollamh Poul Holm, Stiúrthóir Acadúil Mhol Sheomra Fada na Tríonóide agus príomhthaidheoir domhanda ar Stair na nDaonra Ainmnithe Mara, chun tacú leis an 18 mí deiridh d'obair ar staidéar taighde 10 mbliana, a raibh mar bhuaic air scaoileadh domhanda ar stair chomhshaoil na n-aigéan faoi dheireadh 2010 i gcomhar le comhdháil deiridh a réachtálfar sa Tríonóid.

I mí na Nollag 2008, cheap Banríon na Danmhairge an tOllamh Holm ina Ridire ar Ord Danmhargach Dannebrog mar aitheantas ar an méid a rinne sé ar son ollscoileanna agus scoláireacht ag tagairt go háirithe don taighde ar stair an chomhshaoil mara.

Sa bhliain 2009, bronnadh Gradam Síceolaíochta Domhanda 2008 Ursula Gielen ar Mary Keating, Scoil an Ghnó, agus ar a comh-údaire ar 'Culture and Leadership across the World' – gradam a bhronnann

an American Psychological Association ar an taighde is mó a chuireann le síceolaíocht mar dhisciplín domhanda.

Bhronn Fondúireacht Eolaíochta Éireann €1 mhilliún de mhaoiniú, i mí Aibreáin 2009, ar an Ollamh le Síciatracht, Harald Hampel agus a ghrúpa taighde in Institiúid Néareolaíochta Choláiste na Tríonóide agus Ospidéal Adelaide agus na Mí, ag ionchorprú an Ospidéal Náisiúnta Leanaí ag Tamhlacht chun taighde a dhéanamh ar chuimhne an duine agus galar Alzheimer. Bhunaigh an grúpa mórchlár taighde idirnáisiúnta chun forbairt a dhéanamh ar theicneolaíocht don íomháú nuálaíoch chun galar Alzheimer a bhrath agus a thuar go luath, agus táthar ag súil go mbeidh na torthaí ina mbonn le rianairí luatha do ghalair Alzheimer.

Bhuaigh The Irish Economy blog, arna bhunú ag Philip Lane, Ollamh le Marca-eacnamaíocht an duais sa chatagóir 'blag speisialtachta is fearr' i nGradaim Blagála na hÉireann 2009. Sa bhlag seo cuireann an tOllamh Lane anailís eacnamaíochta ar fáil agus tá baill eile Eacnamaíochta i Scoil na hEolaíochta Sóisialta agus Fealsúnachta agus Scoil an Ghnó, chomh maith le heacnamaithe ó raon ollscoileanna Éireannacha agus institiúidí taighde.

I mí Mheán Fómhair 2009, cheap an tAire Arigeadais an tOllamh le hEacnamaíocht agus Forbairt Airgeadais, Patrick Honohan, ina Ghobharnóir ar an mBanc Ceannais. Tá an tOll. Honohan ar an gcéad acadóir an post seo a fháil.

Bhronn an Chomhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta (IRCHSS), 29 Scoláireacht Taighde ar thaighdeoirí na Tríonóide, naoi gcinn de Chomhaltachtaí lardhochtúireachta agus dhá Dheontas Tionscadail Taighde Shinsearach. Bhronn Comhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Theicneolaíocht (IRCSET) 40 Scoláireacht larchéime an Tionscnaimh Embark ar

thaighdeoirí na Tríonóide, trí cinn de Chomhaltachtaí lardhochtúireachta INSPIRE agus deich gcinn de Chomhaltachtaí lardhochtúireachta EMPOWER de chuid Rialtas na hÉireann.

I mí Bealtaine 2009, bhronn Ollscoil Complutense, Madrid na Spáinne dochtúireacht oinigh (Doctor Honoris Causa) ar an Ollamh Marek Radomski, Cathaoireach le Cógaiseolaíocht agus Ceann na Scoile Cógaisíochta agus Cógaseolaíochta, mar aitheantas ar an obair thaighde ar rinne sé ar ocsaíd nítreach, matrix metalloproteinases agus, le déanaí, nana-chógaseolaíochta agus nana-tocsaineolaíocht.

Bronnadh maoiniú IRCHSS ar an Dr Micheál Ó Siochrú, Scoil na Staire agus na nDaonnachtaí agus ar chomhghleacaithe in Ollscoil Nottingham Trent agus Cambridge do chlár gníomhaíochtaí, ina n-áirítear príomhscoláirí ó Éirinn, ón mBreatain agus ó na SA, chun pleanáil a dhéanamh ar fhoilsiú bailiúcháin údarásaigh nua i gceithre imleabhar le litreacha agus óráidí Oilibhéir Chromail, chomh maith le hábhar coimhdeach eile, do Oxford University Press. Fuair an Dr Ó Siochrú agus an tOllamh Vincent Wade, Scoil na Ríomheolaíochta agus na Staitisticí maoiniú freisin ó Chiste Nuálaíochta Murphy Mhol Sheomra Fada na Tríonóide chun modhnú a dhéanamh ar bhogearraí úrscothacha IBM, ag cruthú timpeallachta comhroinnte eagarthóireachta agus sraith rialacha agus leabharlanna do Theistíochtaí 1641.

I mí Eanáir 2009 bronnadh an chéad duais ar an Dr Sarah O'Donnell i gcomhar lena comhghleacaithe sa leigheas cliniciúil, an Dr Orlaith Kelly agus an Dr Mary Shuhaibarag an 10ú Nasc-Chruinniú sa Ghaistrentreolaíocht don taighde a rinne siad ar an ngalar Eosinophilic Esophagitis. Bronnadh an tríú duais ag an gcrúinniú ar thaighdeoirí Choláiste na Tríonóide, an Dr Anthony O'Connor agus an Dr Chun Seng Lee dá gcuid oibre ar an ionfhabhtú Clostridium Difficile.

Bronnadh Bonn Lapworth 2008 de chuid an Chumainn Phailé-Ointeolaíoch ar an Dr Charles Holland, Comhalta Emeritus i Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha. Bronntar an bonn ar phailé-ointeolaithe a rinne éacht ar son na heolaíochta seo trí mheán an taighde.

Bhronn an tAcadamh Náisiúnta do thaighde & Teagasc & Foghlaim (NAIRTL) gradam Barr Feabhais sa Teagasc Ardoideachais ar an Ollamh Sylvia Draper, Scoil na Ceimice. Tugann na gradaim seo aitheantas do mhúinteoirí eiseamláireacha atá ina dtaighdeoirí nuálaíochta freisin san ardoideachas in Éirinn.

Bhí an Dr Prerna Tewari agus an Dr Martin Barr, Comhaltaí Taighde lardhochtúireachta in Ospidéal San Séamas, i measc na gceithre bhuaiteoir arna roghnú ag an bpainéal moltóirí ag an 4ú Comhdháil Uile-Éireann faoi Ailse i mí na Nollag 2008.

Bhí an tOllamh Yuri Gun'ko, Scoil na Ceimice, i measc na mbuaiteoirí i nGradaim Tráchtálaithe Teicneolaíochtaí Tionsclaíochta de chuid Fhiontraíocht Éireann i mí na Samhna 2008. Léiríonn na gradaim conas atá taighde a dhéantar in institiúidí tríú leibhéal in Éirinn ag cur le bonn eolais agus le fiontraíocht nuálaíoch.

Bhuaigh Músaem Zó-eolaíochta i Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha an Gradam Ardchéimiúil sa chatagóir 'Tionscadal Cúraim Bailiúcháin is Fearr' i nGradaim Bhliantúla 2009 an Mhúsaeim. Tá bailiúchán de bhreis is 20,000 sampla sa mhúsaeim darb aois breis is 200 bliain.

Bhuaigh Gailearaí Eolaíochta Choláiste na Tríonóide, ina bhliain oscailte, an phríomhdhuais sa chatagóir 'úsáid is fearr na teicneolaíochta san oideachas' ag an nGradam Berr Feabhais náisiúnta TFC i mí Bealtaine 2009. Bhuaigh sé freisin Gradam an Irish Times 'Living Dublin' sa chatagóir Cultúr agus Turasóireacht i mí na Nollag 2008 dá thaispeántas nuálaíoch TechnoThreads, a rinne iniúchadh ar na

naisc idir eolaíocht agus faisean agus ar an gcaoi a bhfuil dearthóirí faisin ag ionchorprú forbairtí san eolaíocht, teicneolaíocht agus innealtóireacht ina gcuid oibre.

Bhronn Uachtarán Mheiriceá Barack Obama Bonn na Saoirse - an onóir shibhialta is airde i Meiriceá - ar Sheansailéir na hOllscoile, an Dr Mary Robinson, ag searmanas sa Teach Bán i mí Lúnasa 2009. Bronntar Bonn na Saoirse ar dhaoine a rinne cion thar na bearta i leith na slándála nó an leasa náisiúnta san Stáit Aontaithe, i síocháin dhomhanda nó iarrachtaí suntasacha poiblí nó príobháideacha eile.

I measc na bpáipéar pair-athbhreithnithe in irisí eolaíochta dar údair Taighdeoirí Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, bhí siad seo a leanas:

Aimsíonn Eolaithe Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath Géin Shonracha Bhunaigh Dhaonna

Sé mhilliún bliain ó bhí an tsinsearach chéanna againn leis an simpeansaí, rinne taighdeoirí sa Tríonóid fionnadh ar ghéin duine-shonracha bhunaigh. Tá DNA an duine agus an tsimpeansaí 99% comhchosúil lena chéile. Bíonn iarmhairtí millteacha ag difríochtaí beaga géiniteacha idir daoine agus simpeansaithe agus ról mór i gcinneadh cén ainmní a bheidh ina dhuine agus cén ceann a bheidh ina shimpeansaí. Shainaithin eolaithe Choláiste na Tríonóide, an Dr David Gonzalez Knowles agus an Dr Aoife McLysaght ó Scoil na Géineolaíochta agus na Micribhitheolaíochta agus Institiúid Géineolaíochta Smurfit den chéad uair géin duine-shonracha a tháinig chun cinn ar dtús le linn éabhlóid an duine tar éis scaradh ó shimpeansaithe. Foilsíodh na torthaí seo ar líne in Genome Research i mí Mheán Fómhair 2009. Bronnadh Gradam Taighdeora Uachtarán na hÉireann FEÉ ar an taighde seo.

Fionnachtain Nua Vacsaíne Déanta ag Eolaithe Choláiste na Tríonóide

D'fhionn eolaithe na Tríonóide próitéin nua sa chóras imdhíonachta a bhfuil an poitéinseal aige, má dhéantar é a spriocdhírú, forbairt a dhéanamh ar vacsaíní níos éifeachtaí. Fuair an fhoireann taighde, faoi stiúir an Ollaimh le Bithcheimic, Luke O'Neill Scoil na Bithcheimice agus Imdhíoneolaíochta, an próitéin a dtugtar TAG air. Déannann TAG teorannú ar phríomhphróiseas sa chorp a bhfuil gá leis ionas gur féidir le vacsaíní feidhmiú. Más féidir bealach a cheapadh chun cur isteach le TAG, féadtar vacsaíní trialacha a threisiú le haghaidh galar amhail VEID agus maláire. I mí Bealtaine 2009 foilsíodh na torthaí ar líne san iris imdhíoneolaíochta mór le rá, Nature Immunology.

Fionnachtain Nua san Eachma Déanta ag Eolaithe na Tríonóide

D'fhorbair grúpa comhoibríocháin idirnáisiúnta idir an Tríonóid agus taighdeoirí ó Albain agus ón tSeapáin samhail nua ainmní a atáirgeann mórchúis ghéiniteach d'eachma sa duine. Bhí foireann Choláiste na Tríonóide faoi stiúir an Ollaimh Padraic Fallon, Ollamh Stokes FEÉ le hImdhíoneolaíocht Aistritheach in Institiúid na Míochaine Móilíní agus Scoil an Leighis. Tá an poitéinseal ag an bhfionnachtain nua seo cuidiú le forbairt teiripithe nua i gcóireáil an ghalair agus foilsíodh é ar líne in iris idirnáisiúnta mór le rá Nature Genetics i mí Aibreáin 2009.

Cuireann Fionnachtain Eolaithe Choláiste na Tríonóide leis an Tuisceant ar Fhorbairt Galar Uath-Imdhíonach cosúil le Scléaróis Iolrach

D'fhéadfadh daoine a bhfuil scléaróis iolrach, airtíteas scoiltigh agus diaibéiteas orthu sochar a bhaint as fionnachtain taighde ag an Tríonóide. D'fhionn an tOllamh le hImdhíoneolaíoch Trialacha, Kingston Mills agus a fhoireann taighde i Scoil na Bithcheimice agus Imdhíoneolaíochta eolas nua

faoin gcaoi a bhforbraíonn galair uath-imdhíonacha cosúil leis na galair thuasluaite. Fuair an taighde gur grúpa de chealla nár caitheadh amhras orthu cheana is foinse le móilín teachtaireachta áirithe (i dtéarmaí teicniúla an móilín seo ná an cytokine darb ainm IL-17) agus is mórchúis le hathlasadh. Ionstraimíonn na cealla seo darb ainm T-chealla gáma delta an próiseas athlasta. Téann galair athlasta i bhfeidhm ar 20% den daonra ar fud an domhain. Foilsíodh an taighde seo, arna mhaoiniú ag FEÉ agus an Bord Taighde Sláinte, i mí Lúnasa 2009 san iris de chuid an Cell press Immunity.

Tugann Fionnachtana Nua Eolas faoi Chúis na Maláire Ceirbrí a Mharáíonn 1 Mhilliún Leanbh Afracach Gach Bliain

Shainaithin taighdeoirí a bhí i mbun staidéar comhoibritheach faoi Stiúir an Dr. James O'Donnell, Stiúrthóir an Ghrúpa Taighde Haemostasis ag an Tríonóid agus Ospidéal San Séamas conair nua a d'fhéadfadh eolas a sholáthar faoin mhortlaíocht ard a bhaineann le géar-mhaláire i measc leanaí Afracacha. Bhí an taighde seo, a bhí foilsithe san fhoilseachán ardchéimíúil PLoS Pathogen i mí Bealtaine 2009, maoinithe ag Iontaobhas Wellcome agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

D'fhéadfadh fionnachtain Nua faoi Rialú Géine Salmonella Cuidiú le Forbairt Bealaí Nua an Baictéar a Mharú

D'fhionn eolaithe ó Éirinn, an RA agus an Ghearmáin cineál nua rialaithe géin i Salmonella a thugann léargas ar chúiseanna an ionfhabhtaithe bhaictéirigh. Mar thoradh ar fhionnadh an mhodha nua seo de rialú géine d'fhéadfaí ar deireadh thiar teiripí nuálaíoch a fhorbairt agus leibhéil an ghalair a laghdú is cúis le Salmonella. Cúisíonn Salmonella nimhiú bia agus maraíonn tuairim is 1 mhilliún duine ar fud an domhain gach bliain. Foilsíodh torthaí an taighde a rinne eolaithe ó Choláiste na Tríonóide faoi stiúir an Ollaimh Jay Hinton, Ollamh Stokes le Pataigineas Micróbach, Institiúid Taighde Bia sa RA agus Institiúid Max Planck do Bhitheolaíocht an Ionfhabhtaithe san iris Nature Structural & Molecular Biology i mí Iúil 2009.

Fionnachtain Thábhachtach Nua i dtuiscint Fhreagairt Imdhíonachta an Duine a bhfuil Impleachtaí aige do Chóireáil an Phlúchta agus Ailléirgí eile

Rinne eolaithe Choláiste na Tríonóide fionnachtain thábhachtach nua i dtuiscint an phróitéin i gcóras imdhíonachta an duine a bhfuil an poitéinseal aige tionchar a bheith aige ar theiripí d'ailléirgí agus do riochtaí imdhíonachta eile. D'fhoilsigh an grúpa taighde seo ón Tríonóid, faoi stiúir an Ollaimh le Géineolaíocht Leighis, an tOllamh Seamus Martin, a dtorthaí san iris piar-athbhreithnithe mórchlúiteach Cell Press, Immunity i mí Iúil 2009. Rinne foireann an Ollaimh Martin, i gcomhar le grúpa taighde eile sa Tríonóid, faoi stiúir an Dr Ed Lavelle, fionnachtain thábhachtach nua sa mheicníocht mar a ngníomhaíonn an próitéin, IL-33, próitéin atá bainteach le tiomáint freagraí imdhíonachta atá bainteach le plúchadh agus frithghníomhartha ailléirgeacha.

Déanann Taighdeoirí Cion i leith Fionnachtana Nua ar Géin is cúis le Scitsifréine agus Neamhord Dépholach

Tugann fianaise nua le tuiscint go gcuireann athraitheacha coitianta DNA le baol go bhfaigheadh duine scitsifréine, neamhord coitianta meabhairshláinte a théann i bhfeidhm ar beagnach duine amháin as gach céad duine fásta i ndaonra na hÉireann. Cúis iontais, ach tá roinnt mhaith de na hathraithigh chéanna i láthair freisin i gcás neamhord dépholach. Foilsíodh na torthaí seo, arna dtuairisciú ag an gCuibhreannas Idirnáisiúnta Scitsifréine, ar líne san iris Nature i mí Iúil 2009. Bhí an Dr Aiden Corvin, Ceann an Ghrúpa Taighde ar Shíocóis ag Coláiste na Tríonóide, ina chomh-údar ar an bpáipéar seo.

Cuireann Leibhéil Ísle de Vitimín B12 le Baol Spina Bífida

Tá leanaí a bheirtear do mhná le leibhéil ísle den vitimín B12 ina gcuid fola díreach tar éis giniúna, i mbaol níos mó máchailí feadáin néaraigh a fháil cosúil le spina bífida. D'fhoilsigh taighdeoirí ag an Tríonóid, an Bord Taighde Sláinte agus Institiúid Náisiúnta Sláinte SAM na torthaí nua i mí an Mhárta 2009 in eagrán na míosa sin de Pediatrics. Ba iad taighdeoirí Choláiste na Tríonóide na príomh-údair – an Dr Anne Molloy, Scoil an Leighis agus bhí an tOllamh John Scott, Scoil na Bithcheimice agus na hImdhíoneolaíochta ina chomh-údar.

Sainaitníonn Taighde Nua Brath níos Gasta Víreas

Sainaitníodh modh níos gasta níos sonraí chun víris a bhrath i dtaighde nua a rinne an tOllamh le Fisic, Martin Hegner ag Ionad Taighde Choláiste na Tríonóide ar Nana-struchtúir agus Nanai-fheistí Aistritheachta (CRANN) agus foireann idirnáisiúnta taighdeoirí. Foilsíodh na torthaí ar líne in Nature News i mí Feabhra 2009 agus san iris piar-athbhreithnithe Nature Nanotechnology an mhí dár gcionn.

Féadtar víris a bhrath anois i leachtanna agus tá a brath fíorthábhachtach i ndiagnóis leighis. D'ainneoin na ndul chun cinn le déanaí, ámh, tógann na meisiúnachtaí reatha roinnt mhaith ama agus a lán oibre de láimh. Léiríonn taighde an Ollaimh Hegner bealach níos éifeachtaí agus córas praiticiúil chun víris a bhrath ag baint úsáide as starrmhaidí chun víris atá ceangailte go díreach le próitéiní ar an scannán.

Féadfaidh Aigéid Shailleacha Óimige-3 Dul Chun Sochair Othar atá ag Dul Faoi Obráidí Móra

Léiríonn taighde nua ón Tríonóid, arna fhoilsiú in Annals of Surgery i mí Aibreáin 2009 dul chun cinn mór a d'fhéadfadh bheith ann don mháinliacht i gcóireáil othar atá ag dul faoi obráid mhór d'aillse

éasafagach. Rinne an grúpa taighde ag Coláiste na Tríonóide agus Ospidéal San Séamas an taighde seo. Léirigh triail randamaithe rialaithe, go gcúisíonn aigéid shailleacha óimige-3 arna dtabhairt mar chuid de fhorábhar cothaitheach caomhnú na maise matáin in othair a bhí ag dul faoi obráid le haghaidh ailse éasafagach, gnáthamh a bhfuil cailteanas mór meáchain ag baint leis de ghnáth agus dá bhrí sin ar cháilíocht an tsaoil. Ba é an tOllamh John V Reynolds, Ollamh le Máinliacht ag Coláiste na Tríonóide agus Ospidéal San Séamas agus an Dr Aoife Ryan, diaiteiteach taighde ag Ospidéal San Séamas a dhear an triail seo.

Fionnachtain Nua i bhFisic Polaiméire le Suntas Mór do Thionscal na Nanaiteicneolaíochta

Rinne eolaithe ag Coláiste na Tríonóide agus Ollscoil Illinois fionnachtain nua a bhaineann le fisic polaiméire a bhfuil impleachtaí móra aige do phróisis táirgeachta sa nanaiteicneolaíocht. Bhí an taighde, a foilsíodh in Science Express, leagan ar líne den iris mhórchlúiteach Science i mí Dheireadh Fómhair 2009 faoi stiúir an Dr Graham Cross, Scoil na Fisice agus CRANN agus an Ollaimh William King ó Ollscoil Illinois ag Urbana-Champaign. Tugann na torthaí eolas nua faoi mheicníocht sreafa polaiméire ar scála an nanaimhéadair.



5. NUÁLAÍOCHT AGUS TRÁCHTÁLÚ

6. ACMHAINNÍ DAONNA

28

Tacaíonn Taighde & Nuálaíocht na Tríonóide (TR&I) go gníomhach le punann taighde níos leithne na Tríonóide. Déanann an t-aonad seo cothú agus bainistiú ar an gcaidreamh idir taighdeoirí Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, gníomhaireachtaí maoiniúcháin agus tionscal.

Tá sé freagrach freisin as bainistiú a dhéanamh ar Mhaoin Intleachtúil Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Aistriú Teicneolaíochta agus Nuálaíochta, Tráchtálú agus Fiontraíocht. De réir an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Phlean Straitéiseach an choláiste, féachann Taighde & Nuálaíocht na Tríonóide le fónamh a bhaint as smaointe nua a ionchorpraíonn teicneolaíochtaí nua. Éascaíonn Taighde & Nuálaíocht na Tríonóide idirchaidreamh idir an ollscoil, gníomhaireachtaí seachtracha agus tionscal, trí cheithre rannóg: Forbairt taighde, Conarthaí, Aistriú Teicneolaíochta agus Fiontraíocht.

5.1 Maoiniú Taighde agus Maoin Intleachtúil

Le linn na bliana acadúla 2008/09, phróiseáil an Rannóg Forbartha Taighde 1,370 iarratas taighde agus maoiniúcháin agus phróiseáil Rannóg na gConarthaí 546 conradh a rinne Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath dar luach breis is €109 milliún. Bhí an Rannóg um Aistriú Teicneolaíochta freagrach as 23 paitinn a chomhdú, cúig cheadúnas tráchtálaithe agus ceithre mhac-chuideachta (10 gcuideachta sa bhliain féilire 2009).

5.2 Fiontraíocht agus Nuálaíocht

Thacaigh an Rannóg Fiontraíochta le 45 taighdeoir iarchéime ar an gClár Fiontraíochta.

Bronnadh Gradam Nuálaíochta na Tríonóide ar Intel Ireland, faoi stiúir Jim O'Hara, chun ceiliúradh a dhéanamh ar 20 bliain de rathúlacht in Éirinn agus mar aitheantas ar an gcomhoibriú leis an Tríonóid le 20 bliain anuas.

Tá feidhm Acmhainní Daonna na Tríonóide, an Oifig Foirne, ag cuidiú leis an gColáiste a spriocanna straitéiseacha a bhaint amach trí earcú, coinneáil agus forbairt daoine den chéad scoth. Chun soláthar éifeachtach na seirbhísí seo a chinntiú tá an Oifig Foirne eagraithe i gceithre phríomhréimse – eadhon Earcaíocht, Pleanáil Foirne agus Párola, Caidrimh Foirne agus Forbairt Foirne.

Bhí 2008/09 mar thús le tréimhse de chlaochlú san Oifig Foirne. Ar cheann de na réimsí is mó faoi lé athrú sa timpeallacht, bhí an Oifig Foirne ag an líne tosaigh ó thaobh chur i bhfeidhm sraith athruithe suntasacha a forordaíodh faoi iarrachtaí an Rialtais athstruchtúrú a dhéanamh ar airgeadas poiblí agus sin a rialú.

Faoi choimirce Chreat Rialaithe Fostaíochta COÉ aontaíodh go laghdófaí an líon foirne riaracháin, tacaíochta agus teicniúla faoi 3% i gcoibhneas le figiúr Nollaig 2008 an ÚAO faoi dheireadh 2009. Bhí tionchar ag an athrú sin ar gach cuid den Oifig Foirne mar go ndearna na Oifig iarracht cothromaíocht a bhaint amach idir pleananna fáis an Choláiste le treoracha ón Rialtas an líon foirne arna maoiniú go lárnach a laghdú.

I gcomhthráth leis seo, mar thoradh ar Phlean Straitéiseach nua an Choláiste, leagadh síos cuspóirí uailmhianacha i leith na sofhreagrachta de, ailíniú a dhéanamh ar thosaíochtaí, éifeachtaí agus éifeachtúlacht an Choláiste do gach réimse de sheirbhísí tacaíochta.

6.1 Earcaíocht

Le linn na bliana acadúla 2008/09, rinneadh 102 ceapachán nua agus athnuachana – agus as an líon sin bhí seacht gcinn d'Ollúnachtaí, ceithre cinn de Chomh-Ollúnachtaí, Léachtóir Sinsearach amháin. Sé cinn de Léachtóirí/Cláraitheoirí agus 84 Léachtóir. As an líon sin, bhí 90 comórtas earcaíochta ar bun roimh fhógairt lánchosc an ÚAO ar earcaíocht ar an 1 Aibreán 2009.

San iomlán eisíodh 1,625 conradh, a bhformhór ar thaighdeoirí arna maoiniú ó fhoinsí maoiniúcháin lasmuigh den státchiste agus nach raibh clúdaithe ag an lánchosc. De bhreis air sin, eisíodh 68 comhaontú óstála agus 16 cheadúnas oibre ar fhoireann ar cuairt a chuir go mór le taighde agus teagasc.

Mar chuid d'iarraicht an Choláiste cuíchóiriú a dhéanamh ar chúrsaí chun feabhas a chur ar éifeachtacht cuireadh i bhfeidhm réiteach ríomh-earcaíochta a laghdóidh go mór an líon páipéir agus a chuirfidh feabhas ar amanna próiseála do chomórtais earcaíochta.

6.2 Comhionannas

Cuireadh i bhfeidhm monatóireacht ar chomhionannas ag céim na hearcaíochta mar ar bailíodh agus ar anailísíodh sonraí faoi phróifíl ilchineálachta na n-iarratasóirí trí Fhoirm Monatóireachta Comhionannais ar líne. Lean an tOifigeach Comhionannais agus an Oifig Foirne ag obair go réamhghníomhach le Coiste Comhionannais an Choláiste agus le grúpaí eile chun timpeallacht oibre thacaitheach a chothú do dhaoine faoi mhíchumas agus chun rannpháirtíocht chothrom a sholáthar agus forbairt gairme chomhionann a sholáthar ar fud na naoi gcinn d'fhorais chomhionannais. Ar na hiarrachtaí sin bhí bainistiú eolais, clár feasachta faoi dhínit agus urraim d'fhoireann agus do mhic léinn, agus mar thoradh air seo go léir bhí imeachtaí uile-Choláiste ann lena n-áirítear seachtain chun Ilchineálacht Aoise a Cheiliúradh, An Comórtas Cruthaitheach Idir-Ollscoile Dúshlán a Thabhairt do Steiréitíopaí 2009, Seachtain Idirnáisiúnta na mBan, chomh maith le gníomhaíochtaí Ghrúpa Tuismitheoirí an Choláiste, Líonra Comhionannais COÉ agus tionscnaimh Chiste Comhionannais an Choláiste.

Roghnaigh clár an Chiste Comhionannais, arna bhunú sa bhliain 200 ag an gCoiste Comhionannais, 13 bhall foirne agus thionscadal mic léinn sa bhliain 2008 faoi théamaí éagsúla cosúil le 'pobal coláiste cuimsitheach', 'dúshlán a thabhairt do steiréitíopaí' nó 'fócas ar an teaghlach' a raibh mar aidhm acu ilchineálacht a chur chun cinn i gach réimse sa Choláiste.

An aidhm atá ag an Ionad do Mhná sa Taighde Eolaíochta agus Innealtóireachta (WiSER) má méadú ar ionadaíocht na mban sa taighde eolaíochta agus innealtóireachta sa Tríonóide. Ceapadh clár 2008/09 chun obair le banthaighdeoirí san eolaíocht, innealtóireacht agus teicneolaíocht, ag dul i ngleic leis na bacainní a sainithníodh maidir le coinneáil, cur chun cinn agus filleadh ar na réimsí seo. D'áirigh na hiarrachtaí seo clár meantóireachta a bhunú, cláir forbartha gairme a thabhairt isteach, grúpaí scríbhneoireachta acadúla piar-thacaithe agus imeachtaí líonraithe. Chomh maith leis sin, chuir WiSER ar fáil saineolas inscne Éireannach do Ghrúpa an Choimisiúin Eorpaigh ar Mhná agus Eolaíocht.

7. AN CLÁR UM FHORBAIRT CAIPITIL

30

Áirítear i measc na bpríomhfhorbairtí caipitil le linn na bliana acadúla 2008/09 an tógáil leanúnach atá ar siúl ar an bhForbairt Eolaíochtaí Bitheacha ar Shráid an Phiarsaigh, Mol Sheomra Fada na Tríonóide, agus éadail Phoenix House ar Shráid Laighean Theas atá le hathchóiriú chun go mbeadh sé oiriúnach d'úsáid acadúil.

7.1 Tionscadail Curtha i gCrích

An tSaotharlann Taighde Teicneolaíochta Ealaíon

D'oscail an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, Martin Cullen saoráid úrscothach nua ealaíon agus teicneolaíochta i mí Aibreáin 2009. Béarfaidh an tSaotharlann Taighde Teicneolaíochta Ealaíon (ATRL) le chéile scannánaíocht, físeáin, ceol, léiriú fuaime, téatar, ealaín bheo agus suiteáil i dtimpeallacht úrscothach dhigiteach ar mhaithe le taighde iarchéime idirdhisciplín. Tá na tsaoaráid seo, arna fhorbairt ag Scoil na Drámaíochta, na Scannánaíochta agus an Cheoil, lonnaithe ar Champas Teicneolaíochta agus Fiontraíochta na Tríonóide ar Shráid an Phiarsaigh.

Sa tsaoaráid 650 méadar cearnach seo, arna mhaoiniú trí Scéim Feabhsúcháin Saoráide ÚAO 2008 tá amharclann/téatar don taibhiú, taifeadadh, suiteáil, léachtaí, siompóisiam, stiúideo fuaime taifeadta 'beo', dhá sheomra don eagarthóireacht dhigiteach iar-léiriúcháin agus seomra seimineáir. Chomh maith leis sin tá stáisiúin oibre do suas le 30 mac léinn iarchéime/PhD atá ag obair ar stáisiúin oibre úrscothacha fuaime agus físe ag baint úsáide as 'ardáin' iolracha bogearraí.

Saotharlann Taighde Siorra Patrick Dun

Maoinithe freisin faoi Scéim Feabhsúcháin Saoráide an Údaráis Ard-Oideachais, cuireadh i gcrích athchóiriú Shaotharlann Taighde Aistrithe Siorra Patrick, in Ospidéal San Séamas. Cuireann an

tsaotharlann nua-athchóirithe saoráidí úrscothacha ar fáil chun taighde a dhéanamh ar ailse, ionfhabhtú, easpa imdhíonachta agus neamhoird mheitibileacha.

Déanfaidh an t-athchóiriú seo éascú níos fearr ar thaighde idirdhisciplíneach ag an leibhéal is airde d'eolaithe agus do chliniceoirí. Le cúnamh na saoráide seo agus a ardteicneolaíocht tá sé beartaithe go mbeifear in ann an taighde tábhachtach a dhéanfaidh cliniceoirí agus eolaithe na Tríonóide a aistriú níos gasta chuig straitéisí éifeachtacha cliniciúla d'othair.

Saotharlann Seiceamhaithe Géanóim na Tríonóide

I mí an Mheithimh 2009 d'oscail an tAire Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta, Conor Lenihan T.D an chéad Saotharlann Seiceamhaithe Géanóim in Éirinn in Institiúid na Míochaine Móilíní de chuid na Tríonóide. Seo saotharlann nua arna maoiniú ag FEÉ agus cumasóidh an tsaotharlann taighde ar neamhoird shíciatracha, galair ionfhabhtacha agus ailse, agus mar thoraidh air sin cuirfear feabhas ar chúram othair. I Saotharlann Nua Seiceamhaithe Géanóim na Tríonóide tá an t-anailíseoir Géanóim Illumina II, an chéad ardán den 'ghlúin nua sa seiceamhú DNA' a bunaíodh in Éirinn. Cuidíonn an teicneolaíocht nua seo le heolaithe staidéir a dhéanamh sa bhitheolaíocht mhóilíneach agus sa taighde géineolaíochta, rudaí nach bhféadfaí a dhéanamh roimh seo go teicniúil nó nach raibh indéanta go heacnamaíoch.

Ionad Nua Measúnaithe Sláinte Staidéir Fadama na hÉireann ar Aosú

D'oscail Uachtarán na hÉireann, Mary McAleese, Ionad Nua Measúnaithe Sláinte an Staidéir Fadama Éireannach ar Aosú (TILDA) ag Coláiste na Tríonóide i mí Bealtaine 2009. Is éard atá i TILDA ná staidéar ar chohórt ionadaíocht de 8,000 duine Éireannach os cionn aois 50, ag rianú a gcúinsí sláinte, sóisialta agus eacnamaíochta thar thréimhse 10 mbliana. Tá an staidéar á dhéanamh ag an Tríonóide i gcomhar le painéal idirdhisciplíneach de thaighdeoirí eolaíochta, le saineolas i réimsí éagsúla an aosaithe, ó Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, Ollscoil Éireann, Gaillimh, Coláiste Ríoga na Máinléithe in Éirinn, Coláiste Ollscoile, Corcaigh, Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge.

Chomh maith leis sin, i measc na dtionscadal caipitil eile le hathchóiriú a dhéanamh ar an bPailliún chun rochtain uilíoch a sholáthar, Seomra Club le saoráidí nua-aimseartha; tús le tionscadal chun cóiríocht chónaitheach a athchóiriú sa Chearnóg Nua; obair phleanála don Ionad Mac Léinn atá beartaithe i Hall Luce agus clár laghdaithe duirleog sa Chearnóg Tosaigh; tionscadail feabhsúcháin tailte; athchóiriú ar shaoráidí reatha ag 15/16 Rae an Iarthair, Institiúid Moyne, Teach Dunlop Oriel, agus Campas Teicneolaíochta agus Fiontraíochta na Tríonóide.

7.2 Tionscadail Tógála

Forbairt Eolaíochtaí Bitheacha



Forbairt Eolaíochtaí Bitheacha

Tá an Fhorbairt Eolaíochtaí Bitheacha ar an tionscadal tógála is uailmhianáí i stair na Tríonóide. Seo suíomh idir Sráid Cumberland agus Sráid Sandwith, a úsáideadh roimhe seo mar charrchlós dromchla, agus táthar á athfhorbairt chun forbairt mheasta a dhéanamh de spás acadúil agus tráchtála de bhreis is 30,000 méadar cearnach.

Lonnófar roinnt ionad sainithe sa spás seo – Ionad do Fhionnachtain Drugaí d’Ailse, Ionad do Theicneolaíochtaí Bithinnealtóireachta agus Feistí Leighis, Ionad Taighde Imdhíoneolaíochta – agus saoráidí teagaisc leighis. Éascóidh an spás seo athlonnú roinnt disciplíní chuig cóiríocht saintógtha. Áireofar sa spás tráchtála siopaí, cóiríocht oifige agus spás saotharlainne. Tá an fhorbairt buailte le Stáisiún Traenach an Phiarsaigh agus ionchorpraíonn an dearadh bealach isteach nua sa Stáisiún. Thosaigh an tionscadal go luath i mí Lúnasa 2008 agus tá sé le cur i gcrích go luath sa bhliain 2011.

Cuirfidh an fhorbairt seo le tús áite na Tríonóide san imdhíoneolaíocht, na néareolaíocht agus ailse agus ar an gcaoi sin beidh Éire ceannródaíoch sa taighde a théann chun sochair shláinte an duine agus an phobail.

Mol Sheomra Fada na Tríonóide

Cuireadh tús le tógáil Mhol Sheomra Fada na Tríonóide sa bhliain 2009. Éascóidh an fhorbairt straitéiseach seo an Choláiste taighde sna hEalaíona, Daonnachtaí agus Eolaíochtaí Sóisialta trí úsáid iomlán a bhaint as bailiúcháin taighde an Choláiste agus pobal scoláirí a chruthú ar fud raon disciplíní. Féachfaidh sé le ceistanna a fhreagairt faoi chéannacht dhaonna i gcomhthéacsanna domhanda, ag díriú ar fhuinnimh taighde agus ar an gcaoi sin cuidiú le réadú an phoitéinsil chruthaithigh ag Coláiste na Tríonóide mar institiúidí barr feabhais náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Cuideoidh an spás nua fisiceach seo le go gcruthófar ‘pobal beo scoláirí’ mórthimpeall mhol Sheomra Fada na Tríonóide agus cuideoidh le baint amach na sprice an líon mac léinn iarchéime a dhúbailt faoi 2012. Cuirfidh an foirgneamh cóiríocht fhisiceach ar fáil do Sheomra Léitheoireachta, seomraí do Thaighdeoirí ar Cuairt, Malairt Eolais, seomraí do Fhíschomhdhálacha agus limistéar don Digitíú.

Saoráid Taighde Chliniciúil Iontaobhas Wellcome Trust-HRB

Sa bhliain 2009 a bhuíochas le comhaontú trípháirtí idir Coláiste na Tríonóide, Iontaobhas Wellcome Trust agus Ospidéal San Séamas bhíochas in ann Saoráid Taighde Chliniciúil a thógáil in Ospidéal San Séamas. Fuarthas Tairiscintí Tógla agus táthar ag súil go dtosóidh an conraitheoir a roghnaíodh ar an suíomh i Samhradh/Earrach 2010. Áireofar sa tsaoráid 10 leaba spás de 1,300 méadar cearnach, agus beidh limistéir shonracha ann don taighde cliniciúil áit a ndéanfar fiseolaíocht chleachtaidh, néarfhiseolaíocht agus teiripí géine agus móilíneacha. Beidh sé buailte le MRI (Centre for Advanced Medical Imaging) arna mhaoiniú ag HRB agus Institiúid Choláiste na Tríonóide d'Eolaíochtaí Cardaitshoithíoch arna mhaoiniú ag Iontaobhas Shráid na Bagóide agus beidh siad comh-lonnaithe san fhoirgneamh céanna. Táthar ag súil go mbeidh an tsaoráid seo ar oscailt go déanach sa bhliain 2011.

7.3 Caomhnú Fuinnimh

D'úsáid an Tríonóide breis is 34.4 milliún kWh leictreachais agus breis is 35.5 milliún kWh de ghás nádúrtha agus d'ola le linn 2008/09. Tá an fás measartha seo ón mbliain roimh ré mar thoradh ar aistriú iomlán na bhfoirgneamh nua atá lonnaithe ar chúinne thoir thuaidh an champais. B'ionann caiteachas don bhliain le haghaidh gach costais a bhain le fónais agus €7.2 milliún.

Baineadh amach coigiltis trí mheán an ghrúpa e3 group, ar a bhfuil CÓBAC, ITCÁC, ÓCBÁC agus Coláiste na Tríonóide, mar a mbaineann siad úsáid as a gcomh-chumhacht cheannaigh chun na tairiscintí is fearr ola agus gáis agus is féidir a fháil ó sholáthraithe. Tagann formhór leictreachas na Tríonóide ó Energia a sholáthraíonn 50% den chumhacht ó leictreachas in-athnuaite ginte ó ghaoth. Tá úsáid soláthraí 'ghlais' ina bhealach éifeachtach laghdú go mór ar astaíochtaí CO₂.

Gné eile den chlár e3 ná laghdú ar úsáid fuinnimh an Choláiste. Áirítear sa chlár leanúnach fuinnimh obair spriocdhírthe ar bhearta i bhfoirgnimh shonracha agus clár cumarsáide agus oideachais d'úsáideoirí fuinnimh. Chuir an clár laghdaithe fuinnimh córas monatóireachta agus spriocdhírthe ar bun d'fhoirgnimh roghnaithe chun laghdú ar an tomhaltas fuinnimh iontu. Cuireadh tús le céim reatha an chláir seo i mí an Mhárta 2007 agus tá 10 bhfoirgneamh i bhfeidhm agus táthar ag iarraidh laghdú de 10% a bhaint amach thar trí bliana. Baineadh amach coigiltis go dtí seo de c.12% i gcéim a haon agus 6.3% i gcéim a dó nuair a dhéantar ceartú le haghaidh aimsire.

Le linn 2008/09, rinneadh iniúchadh ar thograí roghnacha d'fhoinsí fuinnimh i bhfoirgnimh nua, rinneadh optamú ar dhearaí chun tomhaltas fuinnimh a laghdú agus athbhreithníodh athchóirithe inmheánacha chun feabhas a chur ar thomhaltas

8. TIOMSÚ AIRGID

fuinnimh agus é a laghdú agus coimisiúnú ar fhoirgnimh dírithe ar thomhaltas fuinnimh a fheidmiú ar an mbealach is eacnamaíche agus is féidir.

Tá todhchaí Choláiste na Tríonóide ag brath go príomha ar a dhaoine – foireann agus mic léinn – chomh maith le hinfeistiú sa teagasc, taighde, nuálaíocht agus for-rochtain. Is gá maoiniú suntasach má tá an Coláiste chun a sheasamh a dhearbhú ar cheann de na hollscoileanna is fearr ar domhan. Chuige seo, tiomsaíonn Fondúireacht na Tríonóide airgead ó alumni agus cairde an Choláiste.

Déanann an Tríonóid a tosaíochtaí tiomsaithe airgid a ghrúpáil de réir cúig théama, gach ceann ag léiriú ábharthacht, tábhacht agus luach na ollscoile sa lá atá inniu ann – le misean a glacadh go mbeadh ról lárnach ag an Tríonóid i gcuidiú le hÉirinn a bheith ar an áit is táirgiúla le bheith ag áirgeadh, ag obair agus ag foghlaim agus an áit is sibhialta le cónaí agus cur leis an pobal áitiúil agus domhanda.

Ní féidir leis an gColáiste a bheith ag brath ar mhaoiniú an Stáit amháin – tá tacaíocht phríobháideach riachtanach do thodhchaí na Tríonóide. Sa tréimhse 1 Deireadh Fómhair 2008 go dtí 30 Meán Fómhair 2009, daingníodh €27 milliún ó dheontais phríobháideacha (€28.5 milliún sa tréimhse 2007/08). Tá sochair na tacaíochta príobháidí seo soiléir ar fud an Choláiste. Tá pleanáil don chéad chéim eile den tiomsú airgid ar bun, ag cinntiú go dtacófar le Plean Straitéiseach nua an Choláiste don tréimhse 2009-14. Ar na príomhthionscadail reatha tá:

- Cur i gcrích maoiniúcháin don Institiúid Eolaíochtaí Bitheacha ar Shráid an Phiarsaigh
- Athchóiriú an tSeomra Fhada le saoráidí fairsingithe Daonnachtaí
- Foirgneamh Nua Scoile Gnó agus forbairt nua Innealtóireachta
- Tionscadail éagsúla ag tacú leis an téama ‘Rannpháirtíocht leis an tSochaí’
- Ollúnachtaí & Léachtóireachtaí i dtosaíochtaí acadúla an Choláiste.

9. STAID AIRGEADAIS

Ag croílár rath tiomsaithe airgid an Choláiste tá an cion thar na bearta a rinne roinnt mhaith grúpaí d'oibrithe deonacha chun tacú leis an Tríonóide, lena n-áirítear Cumann agus Iontaobhas Choláiste na Tríonóide, Bord Comhairleach na Scoile Gnó, Bord Comhairleach na Scoile Innealtóireachta, Bord Comhairleach Seachtrach Mhol Sheomra Fada na Tríonóide, Bord Trí Chéad na Scoile Leighis, Alumni Gnó na Tríonóide, Bord Rialaithe an Ghailearaí Eolaíochta, Ciste SAM agus Iontaobhas RA. Tugann na hoibrithe deonacha seo a gcuid ama, a n-ionchur straitéiseach agus tacaíocht shuntasach airgeadais. Tá an Coláiste thar a bheith buíoch den tacaíocht ó na grúpaí seo. Tá lua ar leith ag dul do Bhord Fhondúireacht na Tríonóide, a bhfuil ról lárnach aige i gcomhordú straitéis dhaonchaidiúil an Choláiste. Tá alumni agus cairde na Tríonóide i gcónaí ag tacú leis an gColáiste tríd an gCiste Bliantúil, obair dheonach chun cuidiú leis an gColáiste agus ar an iliomad bealaí eile.

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 30 Meán Fómhair 2009, arna n-ullmhú ar bhonn comhchuibhithe d'earnáil Ollscoileanna na hÉireann, ar an 27 Eanáir 2010.

Is éard atá sna Ráitis Airgeadais ná Cuid I de na ceanglais tuairiscithe airgeadais d'Acht na nOllscoileanna agus léiríonn an chroíghníomhaíocht teagaisc/taighde neamh-mhaoinithe agus deontais taighde sa Chuntas Ioncaim & Caiteachais. Ní bhfuair iniúchóirí seachtracha an Choláiste KPMG go raibh aon laige ábhartha sa rialú ann agus d'eisigh tuairim neamhcháilithe iniúchóireachta i leith na Ráiteas Airgeadais. Déantar na Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais, a léiríonn Cuid II de na ceanglais tuairiscithe airgeadais, a ullmhú de réir na gcaighdeán cuntasáíochta a bhfuil glacadh leo, agus táthar ag súil iad a bheith i gcrích le linn 2010.

Thuairiscigh an Coláiste barrachas ioncaim os cionn an chaiteachais de €9.7 milliún don bhliain dar chríoch 30 Meán Fómhair 2009 (Aguisín I). Mar thoradh air seo, díobhadh an t-easnamh athfhillteach de €9.8 milliún ag 30 Meán Fómhair 2008 a d'eascair ó sholáthar substainteach a chur ar leataobh do chostas chomhlíonadh an Achta um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Sheasta) 2003 (FTWA), costas breise nach bhfuil aon mhaoiniú á fháil ón Rialtas ina leith. Léiríonn feidhmíocht don bhliain scaoileadh aon uaire don soláthar FTWA (nach bhfuil gá leis a thuilleadh tar éis achtú reachtaíochta speisialta le linn 2009 chun gach sócmhainní agus dliteanas de chuid an Choláiste a aistriú chuig Máistirchiste Pinsin an Stáit), coigiltis chaiteachais bheartaithe chun dul i ngleic leis an laghdú iarbhrí ar mhaoiniú athfhillteach ón Stát agus aistriú chuig caipiteal chun tacú le ceannach maoinne atá lonnaithe go straitéiseach. Tá ioncam iomlán (taighde as an áireamh) déanta suas de dheontais ón Stát (49%), táillí na mac léinn (41%) agus ioncam eile (10%) agus mhéadaigh seo faoi 3% os cionn leibhéil 2008. Sa mhéid go ndéantar mórsciar de tháillí

na mac léinn a mhaoiniú trí thionscnamh na dtáillí saor in aisce, tá an Coláiste fós ag brath go mór ar mhaoiniú ón Stát le 66% de chroímhaoiniú (taighde as an áireamh) ag teacht ó fhoinsí Stáit.

Tá an Clár Comhardaithe (Aguisín II) fanta láidir sna cúinsí eacnamaíochta reatha le glansócmhainní ag €676 milliún ag 30 Meán Fómhair 2009, sin méadú de €26 milliún thar 2009 go príomha toisc breiseanna de shócmhainní seasta. Den chéad uair sa stair agus tar éis maoiniú a fáil ón Bhord faomhadh iasacht fhadtéarma de €75 milliún ar théarmaí fabhracha ó Bhanc Infheistíochta na hEorpa (a chéad infheistíocht dhíreach in institiúid oideachais in Éirinn), lean an Coláiste ar aghaidh le tógáil na Saoráide Eolaíochtaí Bitheacha. Tá an Coláiste in iúl go bhfuil maoiniú na saoráide acadúla ag brath ar infheistíocht shuntasach PRTL V ionas nach mbeidh gá acmhainní an Choláiste a atreorú chun iasacht a aisíoc san fhadtéarma. Tá an Coláiste ag obair freisin le Fondúireacht na Tríonóide chun maoiniú a ghiniúint ó fhoinsí daonchairdiúla don tionscadal seo.

Den chéad uair sa stair fuair an Coláiste breis is €100 milliún d'ionam taighde le linn 2008/09 agus ar an gcaoi seo bhain sé amach ceann dá spriocanna institiúideacha. B'ionann an leibhéal de ghníomhaíocht taighde le haghaidh 2008/09 arna thairfeadh sna Ráitis Airgeadais (arna thomhas ar bhonn na gníomhaíochta caiteachais le linn na bliana agus ní ar an ioncam a fuarthas) agus €89.7 milliún (Aguisín 1), sin méadú de 26% ar leibhéal 2008. I bhfianaise sciar ard na gníomhaíochta taighde a fhaigheann maoiniú faoi láthair ón Stát, cosúil leis an gcroímhaoiniú, tá an Coláiste i mbaol ó aon chor chun donais suntasach agus an coigeartú a dhéanfaí ar infheistíocht an Stáit sa taighde. Mar a tharla i mblianta roimh ré, níl an staid reatha inbhuanaithe, is é sin ranníocaíocht i leith na gcostas indíreach ó ghníomhaíocht taighde a bheith go maith faoi bhun an chostais a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin a óstáil.

Leanann an Coláiste ag glacadh straitéis airgeadais mar a ndéanann sé 1) bainistiú ar a ghníomhaíocht laistigh d'acmhainní buiséadaithe sa mheántéarma; 2) oiriúnú leanúnach don timpeallacht airgeadais athraitheach; 3) cothú agus inspreagadh na giniúna ioncaim chomh maith le héagsúlú ioncaim a chinntiú; 4) tús áite a thabhairt do thionscnaimh bainistithe costais, soláthair agus éifeachtúlachta inár n-oibríochtaí laethúla; 5) a dhícheall feabhas a chur ar sholáthar eolais airgeadais don chinnteoireacht; agus 6) meastóireacht ar dheiseanna straitéiseacha tar éis measúnú foirmiúil riosca a dhéanamh orthu de réir mar a thagann siad chun cinn.



AGUISÍNI



Aguisín I: Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		
An bhliain dar chríoch 30 Meán Fómhair 2009		
	2009	2008
	€'000	€'000
Ioncam		
Deontais Stáit	105,392	103,259
Táillí Mac Léinn	88,636	82,643
Ioncam Eile	20,897	23,365
	214,925	209,267
Deontais agus Tionscadail Taighde	89,715	71,167
Iomlán	304,640	280,434
Caiteachas		
Dámha Acadúla	109,141	111,149
Seirbhísí Acadúla agus Eile	22,958	25,170
Áitribh	27,955	27,339
Suim Leithdháilte chun Críocha Caipitiúla	13,507	9,482
Riarachán agus Seirbhísí Lárnacha	15,350	16,185
Caiteachas Ginearálta Oideachais	9,127	8,658
Seirbhísí do Mhic Léinn	5,626	6,445
Caiteachas Ilghnéitheach	11,063	8,884
Seirbhísí Acadúla agus Bainteacha	214,727	213,312
Deontais agus Tionscadail Taighde	80,165	68,040
Iomlán	294,892	281,352
Barrachas/(Easnamh) ar Ghníomhaíochtaí roimh Amúchadh na gCúlchistí agus na nDeontas Caipitiúil, Fosheirbhísí agus Dímheas na Sócmhainní Seasta	9,748	(918)
Barrachas ar Fhosheirbhísí	2,934	2,789
Dímheas ar Shócmhainní Seasta	(31,005)	(27,116)
Aistriú Cúlchiste Ghinearálta	28,071	24,327
Glanbharrachas/(Easnamh) don bhliain	9,748	(918)

Aguisín II:		
Clár Comhardaithe		
Ag 30 Meán Fómhair 2009		
	2009	2008
	€'000	€'000
Sócmhainní Seasta	747,470	707,357
Sócmhainní Reatha		
larmhéideanna bainc agus airgid thirim	163,739	167,969
Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí	39,450	37,155
Stoic	328	372
	203,517	205,496
Dliteanas Reatha		
Creidiúnaithe agus caiteachas fabhráithe	(195,409)	(202,161)
larmhéideanna bainc	(99)	(3,357)
	(195,508)	(205,518)
Glansócmhainní/(Dliteanais) Reatha	8,009	(22)
Dliteanais Fhadtéarmacha		
Creidiúnaithe dlite tar éis tréimhse níos mó ná bliain	(78,904)	(57,211)
	676,575	650,124
Léirithe ag:		
Cúlchiste ginearálta	676,606	659,903
Cúlchiste ioncaim	(31)	(9,779)
	676,575	650,124



www.tcd.ie



Ireland's EU Structural Funds
Programmes 2007 - 2013

Co-funded by the Irish Government
and the European Union



EUROPEAN UNION
STRUCTURAL FUNDS